An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

# Sonraíocht don Oideachas Ealaíon

## Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

2025





# Clár an Ábhair


Brollach 2

1. Réamhrá 3

2. Réasúnaíocht 8

3. Aidhmeanna 9

4. Snáitheanna agus Gnéithe 10

5. Torthaí Foghlama 12

6. An Curaclam don *Oideachas Ealaíon* i bhFeidhm 25

7. Breac-chuntas ar an Tacar Uirlisí don *Oideachas Ealaíon* ar Líne 47

8. Gluais 48

9. Tagairtí 52

Aguisín A. Coincheapa, scileanna, luachanna agus meonta in *Oideachas Ealaíon* 54

# Brollach

Is le haghaidh gach páiste a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta an tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon*. Tá sí ionchuimsitheach agus iomlánaíoch, ag aithint oideachas bunscoile agus oideachas speisialta mar thréimhse 'ag maireachtáil anois' agus 'ag éirí ina' – ag nascadh le réamhfhoghlaim na bpáistí, ag ceiliúradh eispéiris reatha na bpáistí agus ag féachaint chun cinn ar a dtodhchaí.

Ag cur le *Creatchuraclam na Bunscoile*, oibríonn sonraíochtaí athfhorbartha an churaclaim le chéile chun bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste le go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath, ag tacú leo chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí.

Leagtar béim sa tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* ar chumas gníomhúcháin páistí agus múinteoirí, ag cinntiú go mbíonn ionchur bríoch ag páistí ina bhfoghlaim agus ag tacú le múinteoirí chun cinntí gairmiúla eolasacha a dhéanamh laistigh de pharaiméadair an churaclaim.

Tá an tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* mar chuid den athfhorbairt níos leithne ar Churaclam na Bunscoile. Leagadh béim ar leith ar chomhleanúnachas a chinntiú ar fud na sonraíochtaí. De réir mar a chuireann tú eolas ar na sonraíochtaí, tabharfaidh tú do d'aire gur ann do struchtúr seasmhach agus úsáid sheasmhach téarmaíochta, caibidlí agus fochodanna atá thart ar chomh fada lena chéile agus go seachnaítear dúbláil gan ghá agus athrá ar Thorthaí Foghlama. B'fhéidir go n-aithneofá go leor de na gnéithe dearfacha den chleachtas reatha a tharlaíonn inár mbunscoileanna agus scoileanna speisialta, chomh maith le feabhsúcháin san fhoghlaim a bhfaighidh páistí taithí orthu trí na cuir chuige oideolaíochta agus measúnaithe a dtacaítear leo ar fud an churaclaim.

Leagann an tsonraíocht seo béim ar rannpháirtíocht ghníomhach, chéadfach agus chorpraithe ina mbíonn páistí 'ag foghlaim trí rudaí a dhéanamh'. Spreagtar páistí le bheith machnamhach, eispriseach agus le roghanna cruthaitheacha eolasacha a dhéanamh mar dhéantóirí ealaíon. Fiosraíonn siad agus déanann ceangail leis an domhan mórthimpeall orthu agus le raon leathan de shaothair ealaíon ó chultúir agus ó chomhthéacsanna éagsúla. Chomh maith le heispéiris foghlama scoite agus chomhtháite san Ealaín, sa Drámaíocht agus sa Cheol, bíonn deiseanna ag páistí a bheith rannpháirteach i bhfoirmeacha ealaíne eile lena n-áirítear damhsa agus ealaíona na meán.

# 1. Réamhrá

Tá sé de cheart ag gach páiste in Éirinn go gcuirfí oideachas orthu bunaithe ar a láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais. Is é is aidhm do *Chreatchuraclam na Bunscoile* bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste le go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath, ag tacú leo chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí. Aithnítear an t-oideachas bunscoile ann mar thréimhse 'ag maireachtáil anois' agus 'ag éirí ina' – agus aird á tarraingt ar an tábhacht a bhaineann le heispéiris atá taitneamhach, suimiúil, ábhartha agus dúshlánach mar is cuí do gach páiste, eispéiris a chumhachtaíonn iad mar fhoghlaimeoirí san am i láthair agus amach anseo araon. Is tábhachtach go dtacaíonn Curaclam na Bunscoile le foghlaim, teagasc, agus measúnú ar ardchaighdeán do gach páiste atá ag freastal ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta.

Tá spás uathúil agus tábhachtach i mbunoideachas páistí ag an *Oideachas Ealaíon*, ina gcuimsítear na hábhair Ealaín, Drámaíocht agus Ceol. Tá cultúr agus oidhreacht shaibhir, bhríomhar ag Éirinn, agus tá ról lárnach ag na healaíona i saol agus i sochaí na hÉireann. Cabhraíonn rannpháirtíocht le healaín, ceardaíocht, ceol, amhránaíocht, drámaíocht, damhsa agus foirmeacha ealaíne eile, traidisiúnta agus comhaimseartha araon, le páistí a nascadh leis an ngné thábhachtach seo den chultúr náisiúnta. Foghlaimíonn siad freisin faoi dhearcadh daoine eile, agus déanamh ealaíon i gcultúir agus i bpobail lasmuigh d'Éirinn. Tacaíonn *Oideachas Ealaíon* le forbairt agus folláine ealaíonta agus chruthaitheach páistí ar bhealach taitneamhach agus cuireann sé chun cinn iad. Tugann an réimse curaclaim seo deiseanna do pháistí smaointe agus mothúcháin a fhiosrú agus iad féin a chur in iúl go cruthaitheach trí foirmeacha ealaíne difriúla.

Cuireann páistí tús lena n-aistear oideachais ó bhreith, trí idirghníomhaíochtaí agus eispéiris leis an domhan thart timpeall orthu. I mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, bíonn eispéiris foghlama spraíúla agus tharraingteacha ag páistí a thógann ar an eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna atá sealbhaithe acu sa bhaile agus i suíomhanna réamhscoile trí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Agus páistí ag déanamh dul chun cinn tríd an mbunscoil agus tríd an scoil speisialta, nascann a bhfoghlaim, agus déanann sí tuilleadh dul chun cinn, trí na heispéiris foghlama san iar-bhunscoil. I bhfianaise a éagsúla a bhíonn na comhthéacsanna ina bhfoghlaimíonn páistí agus uathúlacht aistear foghlama gach páiste, cuirtear cumas gníomhúcháin agus rogha chun cinn sa churaclam agus aithnítear go bhfuil ról lárnach ag múinteoirí maidir le heispéiris foghlama chothroma, fhiúntacha agus iomlánaíocha a éascú do gach páiste.

## Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe

Tá ocht bprionsabal uileghabhálacha mar bhonn faoi fhís *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus tugann siad treoir do scoileanna agus iad dírithe ar an bhfís sin a bhaint amach. Cuireann na prionsabail sin in iúl céard iad na nithe san oideachas bunscoile agus oideachas speisialta a gcuirimid luach orthu agus céard atá i gcroílár na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe ardchaighdeáin i gcuraclam na bunscoile. Tá na prionsabail leathan chun comhthéacsanna éagsúla scoile agus cúinsí, eispéiris agus cumais dhifriúla na bpáistí a chur san áireamh. Dá réir sin, tacaíonn siad le boird bhainistíochta, ceannairí scoile, múinteoirí agus daoine eile ina ndualgais lena chinntiú go gcuirtear oideachas ardchaighdeáin ar fáil do gach páiste inár scoileanna.

Léirítear i dTábla 1 sraith samplaí nach bhfuil uileghabhálach de na prionsabail atá á gcur i ngníomh laistigh den tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon*.

**Tábla 1:** Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe

| Prionsabal na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe | Samplaí laistigh den tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* |
|---|---|
| **Measúnú agus dul chun cinn** | • Páistí rannpháirteach in aiseolas, machnamh, féinmheasúnú agus piarmheasúnú chun tacú le foghlaim agus le dul chun cinn<br>• Úsáid a bhaint as raon éagsúil de mhodhanna measúnaithe agus de dhéantúsáin, lena n-áirítear punanna, taifeadtaí cumadóireachta, físeáin, grianghraif agus saothair ealaíon chun dul chun cinn a dhoiciméadú agus an próiseas atá i gceist a cheiliúradh<br>• Breathnóireacht agus ceistiúchán mar ghnéithe tábhachtacha den mheasúnú iomasach in *Oideachas Ealaíon* |
| **Gníomhú agus rannpháirtíocht** | • Páistí páirteach in eispéiris foghlama spraíúla, thaitneamhacha, chéadfacha agus chorpraithe bunaithe ar na healaíona<br>• Páistí ag comhoibriú, ag obair i ngrúpaí, ag comhchruthú agus luach á chur ar ionchuir ar leith gach duine<br>• Páistí páirteach in imeachtaí ealaíon, tionóil, taispeántais, seónna agus ceolchoirmeacha, agus ag freastal orthu, laistigh agus lasmuigh de thimpeallacht na scoile |
| **Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht** | • Cuir chuige chaidreamhacha agus fhreagrúla a éascú ina ndéantar cultúir, féiniúlacht agus eispéiris uile na bpáistí a aithint, luach a chur orthu agus a cheiliúradh<br>• Steiréitíopaí i léiriú ealaíonta a aithint agus dúshlán a thabhairt dóibh, agus cuimsitheacht, ionbhá, cóimheas agus níos mó na peirspictíocht amháin a chur chun cinn i ndéanamh ealaíon<br>• Ceangail a aimsiú idir éagsúlacht saothar ealaíon, stíleanna agus traidisiúin go háitiúil agus ó chomhthéacsanna níos leithne agus léirthuiscint a bheith acu orthu |
| **Timpeallachtaí foghlama** | • An seomra ranga agus spásanna ilfheidhmeacha a eagrú le haghaidh gluaiseachta agus déanamh ealaíon gníomhach agus rochtain ar sholáthairtí ealaíne, uirlisí ceoil agus acmhainní drámaíochta<br>• Breathnú agus úsáid a bhaint as an timpeallacht nádúrtha chun cruthaitheacht a spreagadh<br>• Timpeallacht shábháilte agus aeistéitiúil foghlama a chruthú trí na rudaí a chruthaigh páistí san Ealaín, sa Drámaíocht agus sa Cheol a roinnt agus a cheiliúradh |

| Prionsabal na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe | Samplaí laistigh den tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* |
|---|---|
| **Comhpháirtíochtaí** | • Ag foghlaim ó smaointe agus saineolas agus iad a roinnt laistigh den seomra ranga agus den scoil i gcoitinne<br>• Cuirí a thabhairt do dhaoine muinteartha agus baill an phobail chun páirt a ghlacadh in imeachtaí, chun freastal orthu nó chun cur leo, ag cothú braistint rannpháirtíochta agus eispéireas comhroinnte<br>• Comhoibriú le healaíontóirí, músaeim agus eagraíochtaí áitiúla chun saineolas, acmhainní nó ceardlanna a chomhroinnt |
| **Oideolaíocht** | • Páistí rannpháirteach mar dhéantóirí ealaíon, ag roghnú ábhair, teicnící agus smaointe éagsúla agus ag cruthú i bhfoirmeacha ealaíne éagsúla<br>• Deiseanna a chruthú do pháistí scileanna a fhoghlaim agus a chleachtadh, a ndéanamh ealaíon a léiriú, a chur i láthair agus a roinnt le daoine eile<br>• Úsáid a bhaint as raon leathan d'eispéiris ealaíon chun freagairt agus ceangal amhail físeáin, íomhánna, taifeadtaí léirithe agus turais ar ghailearaithe (ar an láthair nó go fíorúil) |
| **Caidrimh** | • Caidrimh dhearfacha agus chomhbhácha a chothú i dtimpeallacht shábháilte, ag spreagadh rannpháirtíocht páistí agus cur in iúl sna healaíona<br>• Comhoibriú, cumarsáid, muinín, ionbhá, tuiscint agus comhroinnt scileanna a spreagadh<br>• Comhoibriú, comhpháirtíocht agus rannpháirtíocht a chothú le daoine eile sa rang, leis an bpobal agus le healaíontóirí eile chun foghlaim sna healaíona a fheabhsú |
| **Aistrithe agus leanúnachas** | • Deiseanna a chur ar fáil do pháistí a gcuid eispéireas roimhe seo sna healaíona a roinnt le bheith mar bhonn ag eispéiris foghlama amach anseo<br>• Spéiseanna nó láidreachtaí ar leith na bpáistí a shainaithint agus a chomhroinnt in *Oideachas Ealaíon* agus iad ag aistriú go dtí an bhunscoil/scoil speisialta agus uaithi<br>• Comhoibriú agus cumarsáid a spreagadh leis an mbaile, réamhscoil agus iar-bhunscoil |

## Cur chuige leathan cothrom i leith an *Oideachais Ealaíon*

Aithníonn an tsonraíocht seo an luach atá le foghlaim leathan agus cothrom laistigh agus trasna na hEalaíne, na Drámaíochta agus an Cheoil. Éascaítear foghlaim i bhfoirmeacha ealaíne eile freisin, agus in eispéiris ealaíon chomhtháite thar gach céim.


Ar na bhfoirmeacha ealaíne eile is féidir a fhiosrú de réir na snáitheanna agus na dTorthaí Foghlama, tá damhsa agus ealaíona na meán, cé nach mbeidh siad teoranta dóibh sin.



## Forléargas ar an tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon*

Cuireann na caibidlí tosaigh den tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* an Réasúnaíocht, na hAidhmeanna, Snáitheanna agus Gnéithe agus Torthaí Foghlama i láthair. I gCaibidil 6, soláthraítear treoir maidir leis an gcuraclam agus é i bhfeidhm, agus sna caibidlí deireanacha cuirtear forléargas i láthair ar na tacair uirlisí ar líne, an ghluais agus na tagairtí.

Tacaíonn Tacar Uirlisí Churaclam na Bunscoile ar líne agus Tacar Uirlisí don *Oideachas Ealaíon* leis an tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon*. Cuirtear réimse tacaíochtaí ar fáil sna tacair uirlisí ar líne sin chun an curaclam a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tacaíochtaí do phleanáil curaclaim, ionchuimsiú, measúnú agus oideolaíocht. Is féidir teacht ar leagan ar líne den tsonraíocht agus de na tacair uirlisí ach cuairt a thabhairt ar www.curriculumonline.ie.




**Fíor 1:** Inneachar na sonraíochta don *Oideachas Ealaíon*

# 2. Réasúnaíocht

Soláthraíonn an t*Oideachas Ealaíon* deiseanna tábhachtacha do gach páiste a gcéadfaí a úsáid agus a gcuid samhlaíochta a spreagadh, fad is atá siad ag baint taitneamh as áthas agus áilleacht na n-ealaíon mar chuid d'oideachas iomlánaíoch.

### Cuidíonn an t*Oideachas Ealaíon* le páistí tuiscint a bhaint as an domhan mórthimpeall orthu.

In *Oideachas Ealaíon*, déanann páistí iniúchadh ar agus freagraíonn siad do shaothair ealaíon a bhaineann lena saolta, lena bpobal áitiúil, le hÉirinn agus le cultúir éagsúla. Déanann siad léirmhínithe iomadúla a iniúchadh agus forbraíonn siad meas agus ionbhá do dhearcthaí eile. Is féidir leis sin bonn eolais a chur faoina ndéanamh ealaíon féin, feasacht chultúrtha a fhorbairt agus cur le tuiscint agus léirthuiscint ar na healaíona ar feadh an tsaoil. Foghlaimíonn páistí gur foirm uathúil chumarsáide agus léirithe iad na healaíona.

### Spreagann an t*Oideachas Ealaíon* páistí chun cumas gníomhúcháin a fheidhmiú ina gcuid foghlama

Tógann páistí scileanna agus eolas chun tacú le rannpháirtíocht eolasach, bhríoch agus ghníomhaíoch leis na healaíona. D'fhéadfadh sé sin a saol a shaibhriú, a bhfolláine agus a bhféin-chomhlíonta a fheabhsú, agus muinín, féiniúlacht, pobal agus muintearas a chothú. Mar dhéantóirí ealaíon gníomhaíocha, tuigeann páistí conas is féidir lena gcuid oibre cur go dearfach leis an domhan mórthimpeall orthu.

### Ceanglaíonn an t*Oideachas Ealaíon* le foghlaim níos leithne páistí

Trí *Oideachas Ealaíon* leathan agus cothrom, foghlaimíonn páistí conas a bheith cruthaitheach agus smaoineamh as an nua. Forbraíonn siad meonta buanseasmhachta, bríomhaireachta, comhoibrithe, machnaimh, fiosrachta, oscailteachta agus spraíúlachta. Tacaíonn an t*Oideachas Ealaíon* le foghlaim agus forbairt páistí in Ealaín, Drámaíocht agus Ceol. Cumasaíonn sé agus déanann sé ceiliúradh ar an gceangal idir an iliomad foirm ealaíne, lena n-áirítear damhsa agus ealaíona na meán, agus foghlaim níos leithne ar fud an churaclaim.

### Ealaín laistigh den *Oideachas Ealaíon*

San Ealaín, foghlaimíonn páistí conas meáin éagsúla a iniúchadh agus a úsáid lena gcuid smaointe, mothúchán agus eispéireas ar leith a chur in iúl trí réimse ealaín 2T, 3T agus/nó ealaín dhigiteach. Breathnaíonn siad ar stíleanna agus seánraí éagsúla, agus fiosraíonn iad, trí shaothair ealaíne stairiúla agus comhaimseartha, agus cuireann siad lena n-íogaireacht don domhan amhairc, spásúil agus tadhlach. Forbraíonn páistí tuiscint agus inniúlacht thar raon coincheapa, próisis, scileanna, ábhair agus teicnící Ealaíne.

### Drámaíocht laistigh den *Oideachas Ealaíon*

Sa Drámaíocht, foghlaimíonn páistí conas róil a ghlacadh, carachtair a léiriú, mothúcháin agus smaointe a chur in iúl agus scéalta a léiriú agus a chomhchruthú i bhfoirm chorpraithe. Bíonn siad rannpháirteach i raon foirmeacha agus straitéisí drámaíochta, iniúchann siad téamaí, breithníonn siad dearcthaí iomadúla agus baineann siad ciall as ábhar na drámaíochta. Forbraíonn páistí a muinín agus a n-inniúlacht chun tobchumadh, drámaíocht a dhéanamh, machnamh a dhéanamh uirthi, í a cheapadh, a bheachtú agus a léiriú ag baint úsáid as an spás timpeall orthu.

### Ceol laistigh den *Oideachas Ealaíon*

Sa Cheol, foghlaimíonn páistí conas eolas, coincheapa, scileanna, teicnící, mothúcháin agus smaointe a chomhcheangal le ceol a dhéanamh ag úsáid foinsí fuaime éagsúla. Faigheann siad blaiseadh do stór leathan amhrán, cantaireachta, ceoil uirlise agus ceol ginte go digiteach ó raon stíleanna, seánraí, cultúr agus traidisiún, fiosraíonn siad iad agus freagraíonn siad dóibh. Forbraíonn páistí scileanna agus teicnící a bhaineann le héisteacht, freagairt, léirmhíniú, canadh, seinm uirlisí, cumadóireacht, nodaireacht agus roinnt ceoil.

Trí dheiseanna foghlama spraíúla agus tharraingteacha iomchuí in *Oideachas Ealaíon*, is féidir leis na páistí taithí a fháil ar an gcumhacht, áthas, iontas, gliondar, áilleacht, poitéinseal agus ábharthacht a bhaineann leis na healaíona.

# 3. Aidhmeanna

Forbraíonn an t*Oideachas Ealaíon* muinín, eolas agus tuiscint páistí le bheith rannpháirteach mar dhéantóirí ealaíon gníomhacha agus gníomhaíocha. Tá aidhmeanna na sonraíochta don *Oideachas Ealaíon*, a thaispeántar thíos, fite fuaite ina chéile agus idirspleách.

Tá sé mar aidhm ag an tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* go mbeidh páistí in ann:

**raon scileanna a fhorbairt.**
Réimse scileanna, teanga agus teicnící a fhorbairt chun Ealaín, Drámaíocht agus Ceol a chruthú agus a bheith rannpháirteach iontu ar feadh a saoil.

**cruthaitheacht a fhiosrú.**
A bheith samhlaíoch, fiosrach, leathanaigeanta agus solúbtha agus iad ag coinneáil leo, ag glacadh le difríochtaí, ag glacadh rioscaí cruthaitheacha agus ag comhoibriú le daoine eile.

**a bheith in ann iad féin a chur in iúl.**
Smaointe, eolas, mothúcháin agus eispéiris phearsanta agus choitinne a chur in iúl i réimse foirmeacha ealaíne.

**a bheith rannpháirteach go healaíonta.**
A bheith rannpháirteach sna healaíona, páirt a ghlacadh iontu, taitneamh a bhaint astu agus critíc a dhéanamh orthu ar mhaithe le forbairt phearsanta, sásamh pearsanta agus léirthuiscint ar feadh an tsaoil.

**coincheapa ealaíne a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.**
A dtuiscint agus a gcur i bhfeidhm a fhorbairt ar an eolas agus ar na coincheapa atá mar bhonn agus taca ag na hábhair Ealaíne, Drámaíochta, Ceoil agus foirmeacha ealaíne eile.

**a gcorp agus a gcéadfaí a úsáid.**
A n-intinn, a gcorp agus a gcéadfaí a úsáid le hiniúchadh, cruthú, breathnú, éisteacht, ionramháil, bogadh agus freagairt do shaothair ealaíon agus an domhan thart timpeall orthu.

**léirthuiscint a bheith acu ar na healaíona.**
Gnéithe suntasacha, mothúchánacha agus iad siúd a mbíonn tionchair acu a aimsiú i saothair ealaíon agus eispéiris ealaíon chomh maith le léirthuiscint a bheith acu ar luach na n-ealaíon ar a son féin.

**feasacht chultúrtha agus chomhthéacsúil a fhorbairt.**
Taithí a fháil ar shaintréithe saothar ealaíon, iad a fhiosrú, freagairt dóibh agus iad a shainaithint ó chomhthéacsanna cultúrtha agus stairiúla áitiúla, Éireannacha agus ilchineálacha.

# 4. Snáitheanna agus Gnéithe

## Snáitheanna


Léiríonn snáitheanna na príomhchatagóirí d'fhoghlaim páistí in *Oideachas Ealaíon*. Seo a leanas na trí shnáithe:

- Fiosrú agus cruthú
- Léiriú agus cur i láthair
- Freagairt agus ceangal

Is iad na snáitheanna in *Oideachas Ealaíon* na próisis freisin a dtugann na páistí fúthu agus iad ag foghlaim. Úsáidtear an focal snáitheanna go heisiach sa réimse curaclaim seo chun tagairt a dhéanamh do shnáitheanna agus do ghnéithe (mar a thagraítear dóibh in réimsí eile den churaclam).

**Tábla 2:** Snáitheanna sa tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon*

| Snáithe | Cur síos |
|---|---|
| **Fiosrú agus cruthú** | Fiosraíonn páistí, gineann siad smaointe, glacann siad rioscaí cruthaitheacha agus baineann siad triail as rudaí mar dhéantóirí ealaíon. Úsáideann siad ábhair agus cuireann siad scileanna agus coincheapa i bhfeidhm chun saothair ealaíon phearsanta agus chomhoibríocha a chruthú, a athbhreithniú agus a fheabhsú. Glacann siad páirt ghníomhach agus shamhlaíoch chun tobchumadh, cruthú, dearadh agus déanamh in Ealaín, Drámaíocht agus Ceol, agus is féidir leo a scileanna a chur i bhfeidhm i ndamhsa agus i bhfoirmeacha ealaíne eile. |
| **Léiriú agus cur i láthair** | Comhoibríonn páistí, déanann siad cumarsáid agus léiríonn siad trí raon foirmeacha ealaíne éagsúla. Cuireann siad a gcuimhní, a mothúcháin agus a smaointe in iúl trí mhodhanna ilchéadfacha lena gcuimsítear fuaim, amharcíomhánna, gluaiseacht agus gothaí. Léiríonn, taispeánann, roinneann agus pléann siad a saothar in Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus foirmeacha ealaíne eile agus faigheann siad léirthuiscint ar ról an lucht féachana sna healaíona. |
| **Freagairt agus ceangal** | Déanann páistí machnamh criticiúil ar a saothair ealaíon féin, breathnaíonn siad orthu, éisteann siad leo, anailísíonn siad iad, freagraíonn siad dóibh agus faigheann siad léirthuiscint orthu, chomh maith le saothair ealaíon ealaíontóirí eile atá ceangailte leis an bpobal, le hÉirinn agus leis an saol níos leithne. Faigheann siad taithí ar réimse stíleanna agus seánraí in Ealaín, Drámaíocht agus Ceol chomh maith le damhsa agus foirmeacha ealaíne eile. Foghlaimíonn siad le ciall a chruthú, agus a n-eispéiris a iniúchadh agus a gceangal lena saolta agus a gcultúir féin, cultúir/comhthéacsanna níos leithne agus saol mór na n-ealaíon. |




**Fíor 2:** Na snáitheanna sa tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon*

Agus an curaclam á roinnt i snáitheanna, soláthraítear formáid áisiúil inar féidir na Torthaí foghlama a chur i láthair. É sin ráite, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil siad idirspleách agus nach bhfuil siad scoite. Mar sin, ag aon am ar leith, d'fhéadfadh rang a bheith ag obair i dtreo roinnt Torthaí Foghlama ó shnáitheanna éagsúla ag an am céanna.



# 5. Torthaí Foghlama

Chun cumas gach páiste a chothú, tá sé tábhachtach go gcuirtear Torthaí Foghlama in iúl go soiléir. Sa chaibidil seo, cuirtear i láthair na Torthaí Foghlama don *Oideachas Ealaíon*. Le Torthaí Foghlama déantar cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt bheartaithe do na páistí uile i ndeireadh céim dhá bhliain, nuair a chuirtear cumais aonair agus cúinsí éagsúla san áireamh go cuí. Díríonn siad ar thuiscint na bpáistí, ar a dtagann forbairt ach eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna a shealbhú agus a chothú de réir a chéile in *Oideachas Ealaíon*.

Agus na prionsabail agus na cuir chuige oideolaíochta i g*Creatchuraclam na Bunscoile* á léiriú, baintear úsáid as an 'bhfréamh' '*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha*' chun na Torthaí Foghlama a chur i láthair i ngach céim. Is é an aidhm atá ag an bhfréamh seo ná timpeallacht foghlama a chothú ina n-éascaítear eispéiris shaibhre foghlama, mar a leagtar amach i gCaibidil 6, 'An Curaclam don *Oideachas Ealaíon* i bhFeidhm'.

Foghlaimíonn páistí agus múineann múinteoirí i gcomhthéacsanna éagsúla. Tá na Torthaí Foghlama in *Oideachas Ealaíon* leathan agus cothromaithe chun cumas gníomhúcháin múinteoirí agus solúbthacht a éascú i scoileanna. I bhfianaise a leithne atá siad, le linn do mhúinteoirí a bheith ag obair le Torthaí Foghlama, is féidir leo díriú ar ghnéithe sonracha den fhoghlaim, agus an comhthéacs agus réamhfhoghlaim na bpáistí á gcur san áireamh. Le linn do mhúinteoirí a bheith ag ullmhú d'eispéiris foghlama agus teagaisc, is féidir leo díriú ar ghnéithe ar leith de Thoradh Foghlama nó, in amanna, ar ghnéithe de Thorthaí Foghlama iomadúla. Cinntíonn siad go dtugtar aghaidh ar fhoghlaim a bhaineann go sonrach le hábhar thar gach céim, agus ceadaíonn siad freisin foghlaim chomhtháite chun cur le heispéiris páistí ar *Oideachas Ealaíon*. Ag gach céim, soláthraíonn an tsonraíocht Torthaí Foghlama don Ealaín, Drámaíocht agus Ceol; Torthaí Foghlama a bhaineann leo seo agus foirmeacha ealaíne eile; agus Torthaí Foghlama ina n-éascaítear meascán d'fhoirmeacha ealaíne.



## Príomhinniúlachtaí

Tá seacht bpríomhinniúlacht i gcuraclam na bunscoile a fhorluíonn agus a thagann le chéile chun tacú le fís an churaclaim. De réir mar a leagtar amach i g*Creatchuraclam na Bunscoile* iad, tógann na hinniúlachtaí ar na cumais a shealbhaíonn páistí le linn a n-eispéireas oideachais luath-óige le *Aistear* agus neartaítear níos mó iad san iar-bhunscoil trí eispéiris foghlama arna múnlú ag an g*Creat don tSraith Shóisearach*. Agus na páistí ag obair i dtreo na dTorthaí Foghlama sa tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* agus ag tabhairt faoi eispéiris shaibhre foghlama, tógtar agus forbraítear na príomhinniúlachtaí sin ag an am céanna.




**Fíor 3:** Príomhinniúlachtaí

**Tábla 3:** Samplaí de thréithe gach príomhinniúlachta a fhorbraítear trí fhoghlaim sa tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon*

| Príomhinniúlacht | Samplaí de thréithe a fhorbraítear trí fhoghlaim sa tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* |
|---|---|
| **A bheith i do shaoránach gníomhach** | • Iniúchadh ar chultúir laistigh agus lasmuigh d'Éirinn, ionbhá, tuiscint agus braistint saoránachta a fhorbairt<br>• Dúshláin a chíoradh agus comhoibriú ar smaointe nua agus ar ghníomhartha féideartha |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach** | • A bheith rannpháirteach mar dhéantóirí ealaíon<br>• Ag machnamh ar a saothar féin agus ar obair daoine eile, ag déanamh roghanna agus ag iniúchadh teicnící agus próisis chruthaitheacha |
| **A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid** | • A n-eispéiris, a gcuimhní, a smaointe agus a mothúcháin a roinnt ar bhealaí éagsúla trí na healaíona<br>• Ag breathnú, ag éisteacht, ag léirmhíniú, ag freagairt d'aiseolas agus a bheith oscailte do dhearcthaí éagsúla |
| **A bheith cruthaitheach** | • Smaointe agus mothúcháin a chur in iúl ar bhealaí éagsúla, agus bunsaothar a chruthú san Ealaín, sa Drámaíocht, sa Cheol agus i bhfoirmeacha ealaíne eile<br>• Triail a bhaint as teicníochtaí, uirlisí, ábhair agus cuir chuige éagsúla |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach** | • Úsáid a bhaint as raon uirlisí digiteacha chun taithí a fháil ar Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus foirmeacha ealaíne eile, nó chun iad a thaifeadadh<br>• Rannpháirtíocht le healaíona na meán |
| **A bheith matamaiticiúil** | • Patrúin agus rithimí a ionchorpraíonn am agus fad a aithint agus a chruthú<br>• Úsáid spáis agus comhréireanna a thuiscint |
| **A bheith slán** | • Ag baint sult agus sásamh as rannpháirtíocht ealaíonta<br>• Braistint pobail a chothú trí pháirt a ghlacadh i gcomhthionscadail ealaíonta |

Chun cabhrú le múinteoirí na príomhinniúlachtaí atá leabaithe laistigh de gach Toradh Foghlama a shainaithint, cuirtear túslitreacha taobh le gach Toradh Foghlama, mar atá mínithe i dTábla 4. I ngach cás, sainaithnítear suas le trí phríomhinniúlacht. Ba cheart a lua go dtarlaíonn sé go minic go mbíonn príomhinniúlachtaí eile, taobh amuigh de na trí cinn a sainaithníodh, leabaithe sna Torthaí Foghlama freisin.

**Tábla 4:** Eochair eolais na príomhinniúlachta

| Túslitreacha | Príomhinniúlacht |
|---|---|
| SG | A bheith i do shaoránach gníomhach |
| FG | A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach |
| CT | A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid |
| C | A bheith cruthaitheach |
| FD | A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach |
| M | A bheith matamaiticiúil |
| S | A bheith slán |





## Coincheapa

Is príomhchodanna agus bloic thógála iad na coincheapa le haghaidh Ealaíne, Drámaíochta, agus Ceoil. Mar aon leis na príomhinniúlachtaí, tá ról ríthábhachtach acu maidir le bonn a chur faoi na Torthaí Foghlama i ngach céim den churaclam. Tacaíonn rannpháirtíocht le raon íomhánna, fuaimeanna, saothair ealaíon agus spreagthaigh eile ó chomhthéacsanna agus ó thimpeallachtaí éagsúla le foghlaim agus forbairt choincheapúil na bpáistí in *Oideachas Ealaíon*.

Tugtar sainmhínithe sna táblaí a leanas ar na coincheapa san Ealaín, sa Drámaíocht agus sa Cheol agus soláthraíonn Aguisín A tuilleadh sonraí ar na coincheapa.

**Tábla 5:** Coincheapa ealaíne

| Coincheapa ealaíne | |
|---|---|
| **Líne** | Ceanglaíonn sí dhá phointe, agus is féidir léi a bheith tiubh/tanaí, fíneálta/trom, cuartha/díreach, srl. |
| **Cruth** | Geoiméadrach, amhail cearnóga agus ciorcail, nó orgánach, amhail cruthanna saorfhoirme |
| **Foirm** | Tógtha in 3T trí úsáid a bhaint as ábhair agus teicnící, agus curtha in iúl in 2T trí úsáid a bhaint as dath agus ton. |
| **Dath agus ton** | Is féidir bundathanna a mheascadh nó a chur i sraitheanna chun raon cumaisc thánaisteacha nó cumaisc threasacha a chruthú. Is ionann ton agus éadroime nó dorchadas datha. |
| **Uigeacht** | Conas a mhothaíonn dromchla nuair a theagmhaítear dó nó an chuma a bhíonn air (garbh/mín, srl.) |
| **Spás** | Na réimsí thart ar chodanna difriúla de chomhdhéanamh, laistigh díobh agus idir eatarthu |
| **Patrún agus rithim** | Athdhéanamh agus éagsúlacht in úsáid líne, crutha, datha agus uigeachta san ealaín |

**Tábla 6:** Coincheapa drámaíochta

| Coincheapa drámaíochta | |
|---|---|
| **Gníomh agus plota** | An méid a tharlaíonn sa dráma |
| **Ról agus carachtar** | Róil agus carachtair sa dráma, an chaoi a mbreathnaíonn siad/a ngluaiseann siad/a bhfuaimníonn siad/a n-iompraíonn siad iad féin agus an caidreamh a bhíonn acu lena chéile. |
| **Gluaiseacht** | Úsáid an choirp in iniúchadh agus cur in iúl |
| **Áit agus spás** | Suíomh an dráma agus an chaoi a ndéantar é sin a shiombalú |
| **Fuaim** | Úsáid fuaimeanna in iniúchadh agus cur in iúl |
| **Teannas** | Aincheist, coimhlint, saincheist, fadhb, mistéir nó bísimíní |
| **Am** | An tréimhse ama, am den lá, fad nó seicheamh na gníomhaíochta |

**Tábla 7:** Coincheapa ceoil

| Coincheapa ceoil | |
|---|---|
| **Buille** | 'Buille an chroí' bunúsach is féidir a bhrath i bhformhór ceoil, ar a dtugtar 'buille leanúnach' go minic |
| **Luas** | Luas an bhuille i gceol (mall/tapa) |
| **Fad agus rithim** | Fad (gearr/fada) agus meascán fuaimeanna agus tostanna |
| **Tuinairde** | Cáilíocht íseal/ard na bhfuaimeanna |
| **Dinimic** | Cáilíocht bhog/ghlórach na bhfuaimeanna/an cheoil |
| **Tondath** | Na fuaim(eanna) ar leith a bhaineann le huirlis ar leith, m.sh., guth, feadóg stáin, pianó |
| **Uigeacht** | Céimniú na fuaime i gceol (aonréad, aoncheol, iliomad foinsí fuaime ag an am céanna) |
| **Struchtúr** | An t-eagrú iomlán a bhaineann le píosa ceoil, a chruthaítear le codarsnacht agus athsheinm |

Ba cheart glacadh leis an téarma **saothair ealaíon** mar théarma ina gcuimsítear samplaí de shaothair phearsanta na bpáistí chomh maith le réimse mínealaíne, dearaidh, ceardaíochta, drámaí, amhrán, fonn, píosaí ceoil, damhsa, ealaíona na meán agus saothair chruthaitheacha dhigiteacha eile ó Éirinn agus ón domhan mór.

Ba cheart glacadh leis an téarma **déanamh ealaíon** mar théarma ina gcuimsítear an próiseas cruthaitheach leanúnach agus saothar críochnaithe in aon fhoirm ealaíne nó meascán foirmeacha ealaíne.

Is féidir le h**ealaín 2T** líníochtaí, pictiúir, priontaí/cuimilteáin agus colláisí a áireamh.Is féidir le h**ealaín 3T** papier-mâché, tógálacha, píosaí cré, potaireacht agus dealbha, ceardaíocht, teicstílí, fabraic agus snáithín agus mionsamhalacha lánléargais a áireamh. Tá na samplaí seo neamh-uileghabhálach.

Bíodh is go ndéantar tagairt shonrach d'ealaín 2T agus 3T i roinnt Torthaí Foghlama, d'fhéadfaí meáin mheasctha, ealaín dhigiteach agus foirmeacha éiritheacha ealaíne a iniúchadh freisin.

| Torthaí Foghlama don Snáithe: **Fiosrú agus cruthú** | | | |
|---|---|---|---|
| **Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2** Rang a haon agus a dó | **Céim 3** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4** Rang a cúig agus a sé |
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Ealaín** | | | |
| bealaí a iniúchadh agus a thobchumadh le héagsúlacht smaointe agus téamaí a chur in iúl in ealaín 2T agus 3T ag baint úsáid as ábhair, uirlisí agus teicnící éagsúla. FG, CT, C | bealaí a iniúchadh agus a thobchumadh agus a léiriú le héagsúlacht smaointe agus téamaí a chur in iúl in ealaín 2T agus 3T ag baint úsáid as éagsúlacht mhéadaithe ábhar, uirlisí agus teicnící. FG, CT, C | smaointe agus téamaí a iniúchadh, a chur in iúl agus a léiriú i réimse ealaín 2T agus 3T. FG, CT, C | smaointe agus téamaí a iniúchadh, a cur in iúl a léiriú agus a oiriúnú i réimse ealaín 2T agus 3T . FG, CT, C |
| ealaín 2T agus 3T a chruthú ag fiosrú spás, líne, cruth, dath, ton, foirm, uigeacht, patrún agus rithim. FG, C, SG | ealaín 2T agus 3T a dhearadh agus a chruthú le haird mhéadaithe ar spás, líne, cruth, dath, ton, foirm, uigeacht, patrún agus rithim. FG, CT, C | triail a bhaint as uirlisí agus ábhair éagsúla, iad a roghnú, agus teicnící a chur i bhfeidhm go cruthaitheach i réimse ealaín 2T agus 3T. FG, CT, C | triail a bhaint as uirlisí agus ábhair éagsúla, iad a roghnú agus teicnící a chur i bhfeidhm go cruthaitheach le muinín agus smacht mhéadaithe i réimse ealaín 2T agus 3T. FG, C, FD |
| | | ealaín a phleanáil, a dhearadh agus a chruthú ag baint úsáid as prionsabail deartha (lena n-áirítear solas, codarsnacht, scála agus siméadracht) agus líne, cruth, foirm, dath, ton, uigeacht, spás, patrún agus rithim. FG, C, M | ealaín a phleanáil, a dhearadh, a athshamhlú, a chruthú agus a bheachtú ag baint úsáid as prionsabail deartha (lena n-áirítear solas, codarsnacht, scála agus siméadracht) agus líne, cruth, foirm, dath, ton, uigeacht, spás, patrún agus rithim. FG, C, M |
| **Drámaíocht** | | | |
| cásanna ficseanúla ar théamaí éagsúla a thobchumadh agus a léiriú mar fhreagra ar spreagthaigh agus Múinteoir i ról. FG, CT, C | cásanna ficseanúla ar théamaí éagsúla a thobchumadh, a léiriú agus rannpháirtíocht leo a choinneáil mar fhreagra ar rannpháirtíocht an mhúinteora agus úsáid spreagthach. FG, CT, C | smaointe a fhiosrú, a thobchumadh agus a léiriú i réimse foirmeacha drámata a chuireann smaointe in iúl agus a fhiosraíonn téamaí, caidrimh agus aincheisteanna an chine dhaonna. FG, CT, C | smaointe a fhiosrú, a thobchumadh, a léiriú agus a oiriúnú i réimse foirmeacha drámata le smaointe, téamaí, caidrimh agus aincheisteanna casta a fhiosrú agus a chur in iúl. FG, CT, C |
| scéalta agus carachtair shimplí a chomhchruthú agus/nó a oiriúnú (le tacaíocht) ag baint úsáid as gluaiseacht, fuaim, spás, rudaí agus teannas. FG, CT, C | scéalta agus carachtair shimplí a chruthú agus/nó a oiriúnú ag baint úsáid as gluaiseacht, fuaim, spás, rudaí agus teannas. FG, CT, C | aicsean nó radhairc a chumadh, a struchtúrú agus a athoibriú ag baint úsáid as carachtar, gluaiseacht, fuaim, spás, rudaí agus teannas ar bhealach spontáineach agus/nó cleachta. FG, CT, C | aicsean nó radhairc a chumadh, a oiriúnú, a struchtúrú, a athoibriú agus a bheachtú, ag forbairt róil, carachtair, gluaiseacht, fuaim, spás, rudaí agus teannas ar bhealach spontáineach agus/nó cleachta. FG, CT, C |
| | | a gcuid oibre drámaíochta a phleanáil agus a ghabháil trí scéalchlárú, dialann a choinneáil agus/nó ag baint usáid as uirlisí digiteacha. FG, CT, C | cuimhneamh ar bhealaí cuí lena gcuid oibre drámaíochta a phleanáil agus a ghabháil trí scéalchlárú, dialann a choinneáil, script a scríobh agus/nó ag baint usáid as uirlisí digiteacha. FG, CT, C |

**Na príomhinniúlachtaí:**

| | | |
|---|---|---|
| SG = A bheith i do shaoránach gníomhach | FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach | CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid |
| C = A bheith cruthaitheach | FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach | M = A bheith matamaiticiúil   S = A bheith slán |

| Torthaí Foghlama don Snáithe: **Fiosrú agus cruthú** | | | |
|---|---|---|---|
| **Céim 1**<br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2**<br>Rang a haon agus a dó | **Céim 3**<br>Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4**<br>Rang a cúig agus a sé |
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Ceol** | | | |
| rithim, séiseanna agus píosaí gearra ceoil bunaithe ar raon téamaí a iniúchadh, a thobchumadh agus a chruthú ag baint úsáid as codarsnachtaí láidre ó thaobh tuinairde, faid, rithime, tondatha, uigeachta, luais, dinimice agus struchtúir. FG, CT, C | rithim, séiseanna agus píosaí gearra ceoil bunaithe ar raon téamaí a thobchumadh agus a chruthú ag baint úsáid as éagsúlacht agus codarsnacht mhéadaithe ó thaobh tuinairde, faid, rithime, tondatha, uigeachta, luais, dinimice agus struchtúir. FG, CT, C | rithimí agus séiseanna a thobchumadh, a chumadh, a oiriúnú agus a leathnú ag baint úsáid as réimse foinsí fuaime [guth, corp, uirlisí] agus/nó uirlisí digiteacha. FG, CT, C | rithimí agus séiseanna a thobchumadh, a chumadh, a athshamhlú, a chur le chéile agus a leathnú ag baint úsáid as réimse foinsí fuaime [guth, corp, uirlisí] agus/nó uirlisí digiteacha. FG, CT, C |
| siombailí, pictiúir agus scóir ghrafacha a chruthú lena ndéanamh ceoil a léiriú. FG, CT, C | siombailí, pictiúir agus scóir ghrafacha a chruthú agus úsáid a bhaint as slatnodaireacht lena ndéanamh ceoil a léiriú. FG, CT, C | píosaí ceoil a chumadh a chuireann tuinairde, fad, rithim, tondath, uigeacht, luas, dinimic, struchtúr agus teicnící uirlise agus léiritheacha i bhfeidhm chun téamaí agus smaointe a chur in iúl. FG, CT, C | píosaí ceoil mionsonraithe a chumadh agus a bheachtú a chuireann buille, tuinairde, fad, rithim, tondath, uigeacht, luas, dinimic, struchtúr agus réimse leathan teicnící uirlisí agus léiritheacha i bhfeidhm chun téamaí agus smaointe a chur in iúl. CT, C, FD |
| | | scóir ghrafacha a chruthú agus úsáid a bhaint as réimse siombailí, slatnodaireacht agus/nó cliathnodaireacht lena ndéanamh ceoil a léiriú. FG, CT, C | scóir ghrafacha mhionsonraithe a chruthú agus úsáid a bhaint as réimse siombailí, slatnodaireacht agus cliathnodaireacht lena ndéanamh ceoil a léiriú. FG, CT, C |
| **Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus foirmeacha ealaíne eile** | | | |
| iniúchadh, triail, tobchumadh agus cruthú ag comhtháthú meascán d'Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus/nó foirmeacha ealaíne eile. FG, CT, C | | iniúchadh, triail, tobchumadh, pleanáil agus cruthú ag comhtháthú meascán d'Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus/nó foirmeacha ealaíne eile. FG, CT, C | iniúchadh, triail, tobchumadh, pleanáil, cruthú agus beachtú ag comhtháthú meascán d'Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus/nó foirmeacha ealaíne eile. FG, CT, C |

**Na príomhinniúlachtaí:** SG = A bheith i do shaoránach gníomhach; FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach; CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid; C = A bheith cruthaitheach; FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach; M = A bheith matamaiticiúil; S = A bheith slán

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Léiriú agus cur i láthair**

| **Céim 1**<br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2**<br>Rang a haon agus a dó | **Céim 3**<br>Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4**<br>Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Ealaín** | | | |
| a saothar ealaíne a roinnt agus a phlé ag tagairt do théamaí, smaointe, figiúirí agus rudaí. FG, CT, C | | a bpróiseas déanta ealaíne a thaispeáint agus cur síos a dhéanamh air agus machnamh á dhéanamh ar úsáid uirlisí, ábhar agus teicnící ar fud réimse stíleanna agus meán. FG, CT, C | a bpróiseas déanta ealaíne agus úsáid uirlisí, ábhar agus teicnící ar fud réimse stíleanna agus meán a thaispeáint, cur síos a dhéanamh air agus critíc a dhéanamh air. FG, CT, C |
| roghnú na n-ábhar, spáis, líne, crutha, datha, toin, foirme, uigeachta, patrúin agus rithime a thaispeáint agus cur síos a dhéanamh air. FG, CT, C | roghnú agus úsáid chruthaitheach na n-ábhar, spáis, líne, crutha, datha, toin, foirme, uigeachta, patrúin agus rithime a thaispeáint agus cur síos a dhéanamh air. FG, CT, C | an chaoi a dtacaíonn a rogha agus a n-úsáid as prionsabail deartha, agus spás, líne, cruth, dath, foirm, uigeacht, patrún agus rithim lena ndéanamh ealaíne a thaispeáint agus míniúchán a thabhairt air. FG, CT, C | an chaoi a bhfeabhsaíonn a rogha agus a n-úsáid as prionsabail deartha, agus spás, líne, cruth, dath, foirm, uigeacht, patrún agus rithim lena ndéanamh ealaíne a léiriú agus míniúchán a thabhairt air. FG, CT, C |
| **Drámaíocht** | | | |
| a bheith rannpháirteach i súgradh sochdhrámaíochta, dul isteach i gcomhthéacsanna ficseanúla samhlaithe agus scéalta drámata a léiriú ar bhealach tobchumtha agus/nó cleachta. FG, CT, C | | drámaí tobchumtha nó cleachta a ullmhú, páirt a ghlacadh iontu agus/nó iad a thaifeadadh, lena roinnt sa rang nó leis an bpobal scoile níos leithne. FG, CT, C | drámaí tobchumtha nó cleachta a ullmhú, a struchtúrú, páirt a ghlacadh iontu, iad a bheachtú agus/nó iad a thaifeadadh, lena roinnt sa rang nó leis an bpobal scoile níos leithne. CT, C, FD |
| feasacht a léiriú ar ról, ar charachtar, ar áit, ar spás, ar ghluaiseacht, ar fhuaim, ar am agus ar theannas. FG, CT, C | úsáid róil, carachtar, áite, spáis, gluaiseachta, fuaime, ama agus teannais a thaispeáint. FG, CT, C | úsáid róil, carachtair, spáis, gluaiseachta, fuaime, ama agus teannais a léiriú ar bhealaí a thacaíonn lena gcuid scéalaíochta drámata. FG, CT, C | úsáid róil, carachtair, spáis, gluaiseachta, fuaime, ama agus teannais a léiriú ar bhealaí a fheabhsaíonn a gcuid scéalaíochta drámata. FG, CT, C |
| **Ceol** | | | |
| Réimse amhrán, rithimí, séiseanna agus píosaí ceoil le gluaiseacht agus gan gluaiseacht a chanadh, a sheinm agus a bheith á gcantaireacht. FG, CT, C | | guth, corp, uirlisí, teicníochtaí agus/nó uirlisí digiteacha a úsáid go cruthaitheach chun réimse amhrán agus píosaí ceoil a chanadh, a sheinm agus a thaifeadadh. FG, CT, C | guth, coirp, uirlisí, teicníochtaí agus/nó uirlisí digiteacha a úsáid go cruthaitheach chun réimse amhrán agus píosaí ceoil a chóiriú, a léirmhíniú, a chanadh, a sheinm agus a thaifeadadh. FG, C, FD |
| feasacht a thaispeáint ar bhuille, tuinairde, fad, rithim agus uigeacht, luas, dinimic, tondath agus struchtúr codarsnach ina gcuid déanta ceoil. FG, CT, C | úsáid rialaithe bhunúsach a thaispeáint ar bhuille, tuinairde, fad, rithim, uigeacht, luas, dinimic, tondath agus struchtúr ina gcuid déanta ceoil. FG, CT, C | úsáid rialaithe agus eispriseach a léiriú as buille, luas, fad, rithim, tuinairde, dinimic, tondath, uigeacht agus struchtúr ina gcuid déanta ceoil. FG, CT, C | úsáid mhuiníneach, rialaithe agus eisprisеach a léiriú as buille, luas, fad, rithim, tuinairde, dinimic, tondath, uigeacht agus struchtúr ina gcuid déanta ceoil. FG, CT, C |

**Na príomhinniúlachtaí:**

SG = A bheith i do shaoránach gníomhach | FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach | CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid
C = A bheith cruthaitheach | FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach | M = A bheith matamaiticiúil | S = A bheith slán

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Léiriú agus cur i láthair**

| **Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2** Rang a haon agus a dó | **Céim 3** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4** Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus foirmeacha ealaíne eile** | | | |
| saothar a léiriú, a chur i láthair, a phlé agus a roinnt san Ealaín, sa Drámaíocht, sa Cheol agus/nó i meascán d'fhoirmeacha éagsúla ealaíne. FG, CT, C | | saothar a struchtúrú, a léiriú, a chur i láthair agus a roinnt san Ealaín, sa Drámaíocht, sa Cheol agus/nó i meascán d'fhoirmeacha éagsúla ealaíne. CT, C, S | saothar a eagrú, a struchtúrú, a léiriú, a chur i lathair agus a roinnt san Ealaín, sa Drámaíocht, sa Cheol agus/nó i meascán d'fhoirmeacha éagsúla ealaíne i mbealaí a mbíonn tionchar acu. CT, C, S |
| | | machnamh a dhéanamh agus plé a dhéanamh ar a ndéanamh ealaíon pearsanta agus comhoibríoch. FG, CT, S | machnamh, plé agus measúnú a dhéanamh ar a ndéanamh ealaíon pearsanta agus comhoibríoch. FG, CT, S |

**Na príomhinniúlachtaí:**
SG = A bheith i do shaoránach gníomhach FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid
C = A bheith cruthaitheach FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach M = A bheith matamaiticiúil S = A bheith slán

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Freagairt agus ceangal**

| **Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2** Rang a haon agus a dó | **Céim 3** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4** Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Ealaín** | | | |
| na príomhthéamaí agus na príomhsmaointe i saothar ealaíne a aithint agus freagairt dóibh agus an chaoi ar féidir leo sin cruthú a spreagadh a thabhairt faoi deara. FG, CT, C | freagairt do na príomhthéamaí agus príomhsmaointe i saothar ealaíne, agus machnamh a dhéanamh orthu, agus an chaoi ar féidir leo sin cruthú a spreagadh a iniúchadh. FG, CT, C | freagairt do smaointe agus téamaí i saothar ealaíne agus ceangail a dhéanamh lena ndéanamh ealaíne eisprisеach féin. FG, CT, C | freagairt do smaointe agus téamaí i saothar ealaíne agus anailís chriticiúil a dhéanamh orthu agus ceangail a dhéanamh lena ndéanamh ealaíne eisprisеach féin. FG, CT, C |
| spás, líne, cruth, dath, foirm, uigeacht, patrún agus rithim i saothar ealaíne agus sa domhan thart timpeall orthu a thabhairt faoi deara. FG, CT, C | spás, líne, cruth, dath, foirm, uigeacht, patrún agus rithim i saothar ealaíne agus sa domhan thart timpeall orthu a aithint, breathnú orthu agus cur síos a dhéanamh orthu. FG, CT, C | úsáid agus éifeacht spáis, líne, crutha, datha, foirme, uigeachta, patrúin agus rithime i saothar ealaíne éagsúla a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu. FG, CT, C | anailís agus critíc a dhéanamh ar úsáid agus éifeacht spáis, líne, crutha, datha, foirme, uigeachta, patrúin agus rithime i saothar ealaíne éagsúla. FG, CT, C |
| **Drámaíocht** | | | |
| freagairt don aicsean, an plota, na róil, na carachtair, agus úsáid na gluaiseachta, na háite, an spáis, na fuaime, an teannas agus an t-am i ndrámaí, agus ceangail a dhéanamh leo. FG, CT, C | freagairt don aicsean, an plota, na róil, na carachtair, agus úsáid na gluaiseachta, na háite, an spáis, na fuaime, an teannas agus an t-am i ndrámaí, machnamh a dhéanamh orthu agus ceangail a dhéanamh leo. FG, CT, C | aithin agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn aicsean, plota, róil, carachtair, áit, spás, am agus teannas le déanamh drámaíochta. FG, CT, C | anailís agus critíc a dhéanamh ar an gcaoi a fheabhsaíonn an úsáid a bhaintear as aicsean, plota, róil, carachtair, áit, spás, am agus teannas déanamh drámaíochta. FG, CT, C |
| an fócas téamach, smaointe agus cúrsaí gníomhaíochta i ndrámaí a aithint, freagairt dóibh agus machnamh a dhéanamh orthu. SG, CT, C | freagairt don fhócas téamach, machnamh a dhéanamh air agus é a mhúnlú, smaointe a fhiosrú agus cúrsaí gníomhaíochta i ndrámaí a mheas. SG, CT, C | freagairt do théamaí, caidrimh, aincheisteanna agus cúrsaí gníomhaíochta i ndrámaí, ceangail a dhéanamh leo agus iad a chíoradh. SG, CT, S | freagairt do théamaí, caidrimh, aincheisteanna agus cúrsaí gníomhaíochta i ndrámaí, ceangail a dhéanamh leo, iad a chíoradh agus anailís chriticiúil a dhéanamh orthu. SG, CT, S |
| **Ceol** | | | |
| éisteacht le réimse amhrán, píosaí ceoil agus sleachta ar réimse bealaí gníomhacha, céadfacha agus corpraithe, freagairt dóibh agus machnamh a dhéanamh orthu. FG, CT, C | éisteacht le réimse amhrán, píosaí ceoil agus sleachta ar réimse bealaí gníomhacha, céadfacha agus corpraithe, iad a leanúint, freagairt dóibh agus machnamh a dhéanamh orthu. FG, CT, C | éisteacht le réimse amhrán, píosaí ceoil agus sleachta ar réimse bealaí gníomhacha, céadfacha agus corpraithe, iad a leanúint, a léirmhíniú, freagairt dóibh, machnamh agus anailís a dhéanamh orthu. FG, CT, C | éisteacht le réimse amhrán, píosaí ceoil agus sleachta ar réimse bealaí gníomhacha, céadfacha agus corpraithe, iad a leanúint, a léirmhíniú, freagairt dóibh, machnamh, anailís agus critíc a dhéanamh orthu. FG, CT, C |
| buille agus samplaí a bhfuil codarsnacht láidir eatarthu maidir le luas, fad, rithim, tuinairde, dinimic, tondath, uigeacht agus struchtúr i réimse ceoil a thabhairt faoi deara. FG, CT, C | buille agus samplaí a bhfuil codarsnacht eatarthu maidir le luas, fad, rithim, tuinairde, dinimic, tondath, uigeacht agus struchtúr i réimse ceoil a aithint, a thaispeáint agus cur síos a dhéanamh orthu. FG, CT, C | úsáid agus éifeacht buille, luais, faid, rithime, tuinairde, dinimice, tondatha, uigeachta agus struchtúir i réimse ceoil a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu. FG, CT, C | úsáid agus éifeacht buille, luais, faid, rithime, tuinairde, dinimice, tondatha, uigeachta agus struchtúir i réimse ceoil a anailísiú agus critíc a dhéanamh orthu. FG, CT, C |

**Na príomhinniúlachtaí:**
SG = A bheith i do shaoránach gníomhach
FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach
CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid
C = A bheith cruthaitheach
FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach
M = A bheith matamaiticiúil
S = A bheith slán

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Freagairt agus ceangal**

| **Céim 1**<br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2**<br>Rang a haon agus a dó | **Céim 3**<br>Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4**<br>Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus foirmeacha ealaíne eile** | | | |
| a bheith rannpháirteach i réimse spreagthach, saothair ealaíon, imeachtaí, taispeántais agus léirithe ealaíne ó Éirinn agus ón domhan níos leithne a dhéantar i láthair go pearsanta nó go digiteach. SG, CT, C | a bheith rannpháirteach i réimse spreagthach, saothair ealaíon, imeachtaí, taispeántais agus léirithe ó Éirinn agus ón domhan níos leithne a dhéantar i láthair go pearsanta nó go digiteach, agus cur síos a dhéanamh orthu. SG, CT, C | saintréithe, uirlisí agus teicnící a bhaineann le saothair ealaíon de sheánraí, tréimhsí agus comhthéacsanna éagsúla ó Éirinn agus ón domhan níos leithne a aithint. SG, CT, C | léirmhínithe, saintréithe, uirlisí agus teicnící a bhaineann le saothair ealaíon ealaíontóirí, ceoltóirí, tréimhsí, seánraí agus comhthéacsanna cultúrtha éagsúla ó Éirinn agus an domhan níos leithne a shainaithint, a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile. SG, CT, C |
| freagairt do dhéanamh ealaíon sa seomra ranga agus sa phobal scoile. FG, CT, S | | freagairt do dhéanamh ealaíon sa seomra ranga agus sa phobal scoile agus é a mheas. FG, CT, S | |
| déanamh ealaíon a cheangal lena saol agus le traidisiúin ó phobail agus cultúir áitiúla agus níos leithne. SG, CT, S | | déanamh ealaíon a cheangal lena saol agus le traidisiúin ó phobail agus ó chultúir áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta le hiogaireacht agus tuiscint ar an gcomhthéacs. SG, CT, S | |
| | | léirthuiscint a fháil ar struchtúr, éifeacht, tionchar agus gnéithe aeistéitiúla de shaothair ealaíon, imeachtaí, taispeántais agus léirithe ealaíne ó Éirinn agus ón saol níos leithne a dhéantar i láthair go pearsanta agus go digiteach. FG, CT, S | léirthuiscint a fháil agus critic a dhéanamh ar struchtúr, éifeacht, tionchar agus gnéithe aeistéitiúla de shaothair ealaíon, imeachtaí, taispeántais agus léirithe ealaíne ó Éirinn agus ón saol níos leithne a dhéantar i láthair go pearsanta agus go digiteach. FG, CT, S |

**Na príomhinniúlachtaí:** SG = A bheith i do shaoránach gníomhach; FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach; CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid; C = A bheith cruthaitheach; FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach; M = A bheith matamaiticiúil; S = A bheith slán




# 6. An Curaclam don *Oideachas Ealaíon* i bhFeidhm

Cuirtear beocht sa churaclam tríd an bhfoghlaim, teagasc agus measúnú, agus teitear níos faide anonn ná an leathanach clóite chun páistí a mhealladh, a spreagadh agus a chumasú ina gcuid foghlama. Is éard atá mar bhonn taca faoin *Oideachas Ealaíon* an fhís, na prionsabail, na príomhinniúlachtaí agus na ráitis maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú i g*Creatchuraclam na Bunscoile*.

Tá sé de cheart ag an uile pháiste a bheith faoi bhláth agus faoi rath i dtimpeallacht foghlama thacúil tharraingteach. Tá an caidreamh idir páiste agus múinteoir lárnach chun an méid sin a chumasú.

Tá an páiste i gcroílár an phróisis foghlama agus, mar sin, tá tuiscint ar a gcuid réamhfhoghlama, ábhar spéise, eispéireas agus eolais ríthábhachtach chun eispéiris foghlama atá ionchuimsitheach agus dúshlánach mar is cuí a chruthú. Cuirtear feabhas ar an bhfoghlaim in *Oideachas Ealaíon* ach fócas na foghlama nua a shainaithint go soiléir, bealaí a aithint ina bhféadfaidh na páistí a gcuid eolais agus tuisceana a léiriú agus éagsúlacht d'eispéiris foghlama a dhearadh ag tarraingt ar réimse cineálacha cur chuige oideolaíochta.





**Fíor 4:** An curaclam don *Oideachas Ealaíon* i bhfeidhm

Sa chuid eile den chaibidil seo, leagtar amach na príomhghnéithe d'fhoghlaim na bpáistí in *Oideachas Ealaíon*, na cuir chuige oideolaíochta a thacaíonn agus a chuireann léi, agus tugtar treoir maidir le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim agus dul chun cinn na bpáistí.


## 6a. Foghlaim in *Oideachas Ealaíon*

### A bheith i do dhéantóir ealaíon

Spreagann an t*Oideachas Ealaíon* páistí le bheith ag obair mar dhéantóirí ealaíon a bhíonn rannpháirteach ar bhealach fiúntach i bhfoirmeacha aonair agus i meascán d'fhoirmeacha ealaíne. Scafláiltear agus tacaítear le rannpháirtíocht dhomhain i ndéanamh ealaíon atá dúshlánach go cuí laistigh de phobal foghlaimeoirí. Cothaítear cumas gníomhúcháin páistí de réir mar a fhorbraíonn siad muinín agus inniúlacht ina gcuid eolais, tuisceana agus cur i bhfeidhm scileanna agus coincheapa. Faigheann siad taithí ar réimse leathan de shaothair ealaíon trí bhreathnóireacht a dhéanamh, éisteacht, bogadh, freagairt, plé, breithmheas a thabhairt, critíc a dhéanamh agus machnamh. Tríd seo, saibhrítear agus feabhsaítear a gcumas a bheith rannpháirteach mar dhéantóirí ealaíon gníomhacha a thuigeann agus a bhfuil léirthuiscint acu d'ábharthacht, tionchar, áilleacht agus luach na n-ealaíon.




**Fíor 5:** Páistí mar dhéantóirí ealaíon



## A bheith i do dhéantóir ealaíne

Is déantóirí ealaíne gníomhacha iad páistí agus iad ag fiosrú na healaíne agus an domhain thart timpeall orthu. Tarraingíonn siad ar eispéiris agus spreagthaigh chun an tsamhlaíocht a ghríosú agus gabháil do chruthú brí tríd an ealaín. Gineann páistí smaointe, déanann siad cinntí ealaíne agus cuireann siad iad féin in iúl le muinín agus cruthaitheacht ag baint úsáid as réimse ábhar, scileanna agus teicnící. Cruthaíonn agus roinneann siad ealaín 2T, 3T, meán measctha agus ealaín dhigiteach uathúil, phearsanta agus chomhchoiteann i réimse stíleanna agus seánraí.

## A bheith i do dhéantóir drámaíochta

Is déantóirí drámaíochta gníomhacha iad páistí agus iad ag fiosrú agus ag cruthú smaointe, cásanna, téamaí agus scéalta drámata éagsúla. Cuirtear feabhas ar dhéanamh drámaíochta na bpáistí trí rannpháirtíocht i bhfoirmeacha drámaíochta éagsúla a ligeann dóibh dul isteach i gcásanna ficseanúla, téamaí suntasacha a iniúchadh, iad féin a chur in iúl agus a gcuid smaointe a shiombalú agus a struchtúrú. Tugann siad foirm don drámaíocht trí úsáid a bhaint as an gcorp, as spás agus as rudaí chun chásanna a thobchumadh, chun aicsean a chruthú, rólghlacadh, gníomhú, machnamh a dhéanamh agus dráma a léiriú.

## A bheith i do dhéantóir ceoil

Is déantóirí ceoil gníomhacha iad páistí agus iad ag fiosrú agus ag plé le héagsúlacht amhrán agus píosaí ceoil ar bhealaí céadfacha agus corpraithe. Imríonn páistí cluichí, úsáideann siad sólfá, comharthaí láimhe, siollaí rithime, nodaireacht, gluaiseacht, cnagcheol colainne agus uirlisí digiteacha de réir mar a fhorbraíonn siad scileanna sa Cheol. Cuireann siad iad féin in iúl, fiosraíonn siad téamaí agus smaointe, déanann siad roghanna cruthaitheacha agus úsáideann siad réimse teicnící agus iad ag canadh, ag seinm uirlisí, ag léirmhíniú, ag cumadh, ag taifeadadh agus ag roinnt ceoil le daoine eile.



## Snáitheanna

Agus eispéiris foghlama spraíúla agus tharraingteacha á gcur ar fáil, tá sé riachtanach deiseanna a thabhairt do pháistí dul i ngleic le snáitheanna na sonraíochta don *Oideachas Ealaíon*.

| Snáithe | Samplaí laistigh den tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* |
|---|---|
| **Fiosrú agus cruthú** | • A samhlaíocht a úsáid<br>• Smaointe a chruthú agus réitigh chruthaitheacha a fhorbairt<br>• Ag fiosrú, ag aimsiú, ag nuáil<br>• Ag tobchumadh, ag cumadh, ag ceapadh, ag dearadh, ag déanamh, ag oiriúnú<br>• Scileanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ndéanamh ealaíon<br>• Ag comhchruthú, ag comhoibriú, ag obair mar chuid d'fhoireann |
| **Léiriú agus cur i láthair** | • Rioscaí cruthaitheacha a ghlacadh<br>• Muinín a fhorbairt agus iad féin a fheiceáil mar ealaíontóirí<br>• Ag cur in iúl agus ag déanamh cumarsáide le muinín agus le héifeachtúlacht<br>• Ag smaoineamh ar chuspóir, rún agus lucht éisteachta nó féachana<br>• Ag roghnú cuir chuige ilmhódacha agus/nó uirlisí digiteacha don taifeadadh agus roinnt<br>• Léirithe agus cuir i láthair a léirmhíniú, a chóiriú, a chur in oiriúint agus a bheachtú<br>• Ag comhoibriú le healaíontóirí eile |
| **Freagairt agus ceangal** | • Ag fiosrú saothair ealaíon atá speisialta agus tábhachtach dóibh féin agus do dhaoine eile<br>• Ag féachaint ar, ag éisteacht le agus taithí a fháil ar shaothair ealaíon uathúla, a bhfuil cáil orthu agus ar atá ardcháilíocht<br>• Saothair chruthaitheacha a léirmhíniú, a léirthuiscint agus critíc a dhéanamh orthu<br>• Ceangail a dhéanamh idir saothair ealaíon agus a saol féin<br>• Éagsúlacht sna healaíona de chultúir agus pobail áitiúla, Éireannacha agus níos leithne a shainaithint<br>• Luach agus cumhacht na n-ealaíon a aithint agus a léirthuiscint<br>• Ceangail a aithint laistigh den *Oideachas Ealaíon* agus trasna réimsí curaclaim eile |

## Ag tacú le foghlaim páistí in *Oideachas Ealaíon*

Is duine aonair gach páiste a bhfuil sraith uathúil buanna acu atá le cothú. Is iad na Torthaí Foghlama a chuireann an deis ar fáil do na páistí uile le foghlaim trí roinnt conairí a thacaíonn le heispéiris foghlama shaincheaptha agus ionchuimsitheacha. Tá tábhacht ar leith leis sin do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.[1]

Le Conairí Tacaíochta Breise tugtar breac-chuntas ar na bealaí éagsúla a bhféadfadh páistí dul i ngleic leis na Torthaí Foghlama in *Oideachas Ealaíon* nó dul chun cinn ina dtreo a léiriú. Agus úsáid á baint ag múinteoirí as na conairí, is féidir leo an t-eispéireas foghlama a mheas ar bhealach níos mionsonraithe agus leibhéil chuí an dúshláin a shainaithint do pháistí. Le linn do pháistí a bheith ag foghlaim, is féidir leo blaiseadh de, aird a thabhairt air, freagairt dó, tús a chur leis, sealbhú, ag éirí líofa agus ginearálú.

Cé go liostaítear na conairí ar bhonn seicheamhach, is den tábhacht a thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh páistí ag gabháil do gach conair ag amanna difriúla nó ag an am céanna, ag brath ar a riachtanais éagsúla foghlama.

Sa tábla seo a leanas, déantar cur síos ar sheacht gconair a fhéadfaidh a bheith úsáideach do mhúinteoirí lena meas agus iad ag ullmhú deiseanna cothroma agus á gcur ar fáil le go bhféadfaidh na páistí dul i ngleic leo agus dul chun cinn a léiriú ina gcuid foghlama in *Oideachas Ealaíon*. I gcás gach conaire, cuirtear sampla ar fáil. Mar sin féin, is léiritheach atá na samplaí agus níl iontu ach ceann amháin den iliomad bealaí a bhféadfadh páistí dul i ngleic lena gcuid foghlama agus í a léiriú.

[1] Tá forbairt ag teacht ar an teanga a úsáidtear chun cur síos ar riachtanais oideachais agus míchumas. Ar mhaithe le soiléireacht agus le bheith ar aon dul le beartas agus reachtaíocht reatha, úsáidtear an téarma ‘riachtanais speisialta oideachais’ anseo.


**Tábla 8:** Samplaí de na Conairí Tacaíochta Breise in *Oideachas Ealaíon*

| Conair thacaíochta bhreise | | Sampla in *Oideachas Ealaíon* |
|---|---|---|
| Blaiseadh de | Bíonn an páiste i láthair le linn gníomhaíocht foghlama. Nochtar iad don timpeallacht foghlama agus/nó bíonn siad feasach uirthi. Bíonn siad ag dul i dtaithí ar ghnéithe de na timpeallachtaí foghlama, mar shampla, rudaí, daoine, fuaimeanna agus eispéiris chéadfacha eile. | Le linn seisiún ceoil, nochtar an páiste d'fhuaimeanna uirlisí éagsúla atá á seinm. Tosaíonn siad ag dul i dtaithí ar an timpeallacht chéadfach, lena n-áirítear buille an cheoil, tondath, tuinairde agus creathadh na n-uirlisí, nó gluaiseacht daoine eile a bhíonn ag gabháil do na huirlisí. |
| Aird a thabhairt air | Tugann an páiste aird ar na gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear ina láthair agus/nó téann i ngleic leo trí ghothaí, iompar an choirp, guthaíocht, súilfhéachaint, gluaiseacht, srl., a athrú. Tá siad tar éis dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama. | Le linn gníomhaíocht drámaíochta, éiríonn an páiste aireach ar an scéal atá ag teacht chun cinn atá á insint ag an múinteoir. Leanann siad gníomhartha an mhúinteora lena súile, athraíonn siad a staidiúir chun aghaidh a thabhairt ar an aicsean, nó déanann siad guthaíocht mar fhreagra ar athrú toin nó gothaí na gcarachtar, ag léiriú rannpháirtíocht leis an ngníomhaíocht. |
| Freagairt dó | Taispeánann an páiste go bhfuil siad in ann spéis a chur sa timpeallacht foghlama go gníomhach nó d'aon ghnó. Tosaíonn siad ag cur in iúl céard is maith leo, céard nach maith leo nó céard is fearr leo. Freagraíonn siad go gníomhach do ghníomhaíocht foghlama le tacaíocht nó gan tacaíocht. | Agus iad ag péinteáil, roghnaíonn an páiste go gníomhach idir dathanna, ag cur in iúl an ceann is fearr leo. Úsáideann siad scuab, a méara nó ball choirp eile chun marcanna a dhéanamh ar an bpáipéar. D'fhéadfaidís mionghháire nó guthaíocht a dhéanamh, nó sceitimíní a léiriú agus iad ag úsáid an dath is fearr leo, ag léiriú suime agus rannphháirtíochta san fhoghlaim. |
| Tús a chur leis | Bíonn an páiste fiosrach faoin timpeallacht foghlama. Lorgaíonn siad, go gníomhach agus go neamhspleách, deiseanna le dul i ngleic leis an timpeallacht sin agus/nó dul i bhfeidhm uirthi. | Nuair a bhíonn siad páirteach i ngníomhaíocht damhsa, bogann an páiste a lámha, cosa, ball coirp eile nó rud go neamhspleách mar fhreagra ar cheol, sula spreagann an múinteoir sin a dhéanamh go fiú. D'fhéadfaidís triail a bhaint as rothlú, luascadh nó bualadh bos, ag léiriú fiosrachta agus fonn chun dul i ngleic go gníomhach trí ghluaiseacht le buille agus rithim an cheoil sa timpeallacht. |
| Sealbhú | Taispeánann an páiste go bhfuil eolas, scil nó coincheap á fhoghlaim acu. Fiosraíonn siad an fhoghlaim agus glacann siad páirt inti. | Trí cheol a fhoghlaim, fiosraíonn an páiste conas rithim shimplí a sheinm ar dhruma trí bhreathnú ar an múinteoir agus ansin cnagadh ar an druma iad féin. Glacann siad páirt ghníomhach sa ghníomhaíocht, ag triail luasanna agus patrúin éagsúla, ag taispeáint go bhfuil siad ag tosú ag foghlaim choincheapa an luais, faid agus rithime. |
| Ag éirí líofa | Gluaiseann an páiste i dtreo líofachta agus cruinnis i gcomhthéacsanna foghlama a bhfuil taithí acu orthu. Taispeánann siad go neamhspleách agus go seasmhach go bhfuil siad in ann cuimhneamh ar an eolas, ar an scil nó ar an gcoincheap a foghlaimíodh. | Úsáideann an páiste iompar briathartha nó fisiciúil nó samhlaíoch, go neamhspleách agus go comhsheasmhach, a bhaineann le carachtar atá á fhiosrú acu. Mar shampla, d'fhéadfaidís rópa samhailteach a shíneadh trasna abhann déanta as scaifeanna agus daoine eile a spreagadh le trasnú nó bualadh ar dhoras samhlaithe chun bealach isteach a dhéanamh, agus iad féin á iompar le líofacht fhorásach mar charachtar ficseanúil. |
| Ginearálú | Aistríonn an páiste eolas, scileanna nó coincheapa a d'fhoghlaim siad chuig comhthéacsanna a bhfuil agus nach bhfuil cur amach acu orthu, agus cuireann siad i bhfeidhm iad sna comhthéacsanna sin. | Cuireann an páiste a n-eolas ar chruthú uigeachta, a d'fhoghlaim siad le linn gníomhaíocht samhaltaithe cré, i bhfeidhm ar thionscadal ealaíne nua a bhaineann le papier-mâché. Tugann siad teicnící chun cuimhne go neamhspleách agus úsáideann siad teicnící amhail brú nó scríobadh chun uigeacht a chur lena gcuid oibre sa chomhthéacs nua seo. |


## 6b. Teagasc in *Oideachas Ealaíon*

Tá 'conas' a fhoghlaimíonn páistí chomh tábhachtach céanna le 'céard' a fhoghlaimíonn siad in *Oideachas Ealaíon*. Agus í ailínithe le prionsabail *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus na seacht bpríomhinniúlacht á léiriú, tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar chineálacha cur chuige oideolaíochta atá bunriachtanach chun eispéiris foghlama spraíúla agus tharraingteacha a sholáthar do na páistí uile. Nuair a ghlactar le chéile iad, leagtar béim leo ar a thábhachtaí atá sé teagasc a chur in oiriúint do na comhthéacsanna foghlama uathúla i seomraí ranga agus scoileanna. Le teagasc ardcháilíochta cuirtear luach leis na cúlraí, leis na cumais, leis na hábhair spéise, leis na láidreachtaí agus leis na riachtanais éagsúla a thugann páistí isteach sa seomra ranga leo. Is é is aidhm dó timpeallacht ionchuimsitheach, chultúrfhreagrach agus tharraingteach a chothú atá freagrúil go cultúrtha agus atá tarraingteach ina mothaíonn gach páiste go bhfuil siad sábháilte, go bhfeictear iad agus go bhfuil luach leo. Bíonn caidrimh dhearfacha idir páistí agus múinteoirí bunriachtanach, ina n-éistear le guthanna páistí agus ina ndéantar beart de réir briathair ina leith, rud a chothaíonn braistint úinéireachta ina gcuid foghlama. Ach ionchais arda a choinneáil do gach páiste agus eispéiris foghlama atá dúshlánach mar is cuí a chur ar fáil dóibh, is féidir le múinteoirí muinín a spreagadh agus a chur ar chumas gach páiste a lánchumas a bhaint amach.

Tá na cineálacha cur chuige oideolaíochta seo a leanas riachtanach le heispéiris fhiúntacha foghlama a sholáthar in *Oideachas Ealaíon*.




**Fíor 6:** Teagasc in *Oideachas Ealaíon*





## Oideolaíocht idirphlé

Foghlaimíonn páistí trí idirphlé agus idirghníomhú. Is éard is oideolaíocht idirphlé ann ná cur chuige comhoibríoch ina dtugann páistí agus múinteoirí aghaidh ar an bhfoghlaim le chéile, ag cur smaointe agus smaointeoireacht in iúl agus á bhforbairt. Baineann sí le gach cineál cumarsáide idir páistí agus/nó idir an páiste agus an múinteoir, rud a chothaíonn timpeallacht ionchuimsitheach ina n-éistear le guth gach páiste agus ina gcuirtear luach leis. Leis an idirphlé cómhalartach sin spreagtar fiosrú ar smaointe casta, smaointeoireacht chriticiúil agus cinnteoireacht eolasach, rud a chothaíonn cumas gníomhúcháin.

Agus oideolaíocht idirphlé á húsáid, ní mór go mbeadh fócas na foghlama soiléir chun an t-idirphlé a threorú. Tógann smaointe páistí ar a chéile, rud a chruthaíonn tuiscintí nua. Sa seomra ranga, mothaíonn páistí go bhfuil sé de chumhacht acu ionchur a bheith acu ina gcuid foghlama. Le cothromaíocht idir idirphlé faoi threoir an mhúinteora agus faoi stiúir an pháiste, cumasaítear rannpháirteachas domhain, arna éascú ag ceisteanna éifeachtacha, éisteacht ghníomhach agus freagraí a bhfuil cuspóir leo.

In *Oideachas Ealaíon*, is féidir le múinteoirí oideolaíocht idirphlé a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- timpeallacht shábháilte a bhunú ina mbíonn muinín ag páistí roghanna ealaíonta a phlé, cur lena n-ionchur féin agus le hionchur na bpáistí eile, meas a léiriú ar smaointe na bpáistí eile agus freagraí diongbháilte agus measta a thabhairt
- tacú le páistí agus iad ag labhairt faoina bpróiseas cruthaitheach agus ag déanamh critíc ar shaothair ealaíon ardchaighdeáin
- páistí a spreagadh chun dul i mbun cruthú céille pearsanta agus comhchoitinne agus plé le smaointe a bhaineann le comhthéacsanna soch-chultúrtha mar bhealach le hiniúchadh a dhéanamh ar an saol agus bonn eolais a chur faoina bpróiseas déanta ealaíon féin
- deiseanna gníomhacha a chur ar fáil do pháistí le comh-chruthú, dul i mbun comhrá, ceisteanna a chur agus a gcuid oibre a léiriú agus a chur i láthair.




## Teagasc follasach


Le teagasc follasach cuirtear ar chumas an mhúinteora eolas, scileanna, coincheapa agus teanga nua a roinnt go soiléir le linn dóibh meonta dearfacha a eiseamláiriú ar bhealach struchtúrtha. Ba cheart céimeanna forbartha na bpáistí, a gcuid réamhfhoghlama, a gcumais agus a riachtanais a mheas leis an gcineál teagaisc seo. Trí theagasc follasach, taispeánann múinteoirí tascanna nó coincheapa ach a gcuid smaointeoireachta féin a eiseamláiriú agus a scafláil go cúramach, rud a fhágann go mbeidh an próiseas foghlama trédhearcach. Tacaítear le tuiscint na bpáistí le mínithe, samplaí agus léirithe soiléire. Le leibhéil arda d'idirghníomhú idir an múinteoir agus an páiste, cothaítear rannpháirteachas, agus le ceisteanna spreagtar na páistí le cur lena gcuid foghlama ach spéis a bheith acu inti, iad a bheith ceangailte léi agus spreagtha ina leith ag an am céanna.

Bíonn cleachtadh treoraithe agus neamhspleách ríthábhachtach. I dtosach báire, bíonn na páistí ag cleachtadh le tacaíocht agus aiseolas ón múinteoir, ansin aistríonn siad chuig gníomhaíochtaí neamhspleácha de réir a chéile chun a gcuid foghlama a neartú. Cinntíonn an múinteoir go mbíonn idirghníomhú agus rannpháirteachas fiúntach ann don uile pháiste.

Le haiseolas forbartha a thugtar in am trátha, tugtar aghaidh ar ábhair mhíthuisceana agus atreisítear réamhfhoghlaim na bpáistí, á dtreorú i dtreo foghlaim nua. Leis an gcur chuige sin, cothaítear muinín agus inniúlacht, rud a chinntíonn rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoghlaim.

In *Oideachas Ealaíon*, is féidir le múinteoirí teagasc follasach a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- oscailteacht a eiseamláiriú chun dul i mbun trialach is earráide, machnaimh, cruthú agus léiriú mar chuid lárnach den phróiseas cruthaitheach
- úsáid teanga, scileanna, coincheap agus teicnící a thaispeáint agus raon leathan samplaí a fhoinsiú ó chomhthéacsanna comhaimseartha, traidisiúnta, agus stairiúla a bhaineann le hEalaín, Drámaíocht, Ceol agus foirmeacha ealaíne eile
- tacaíocht agus aiseolas a chur ar fáil le rannpháirteachas na bpáistí a éascú mar dhéantóirí ealaíon muiníneacha, machnamhacha, oilte, gníomhacha agus gníomhaíocha
- gníomhaíochtaí foghlama a scafláil agus a sheicheamhú chun dul chun cinn a éascú i bhfoghlaim na bpáistí.




## Comhtháthú

Le comhtháthú léirítear cineál idircheangailte an domhain ina maireann páistí gach lá. Cuireann sé deiseanna ar fáil chun ceangail a dhéanamh laistigh de réimsí curaclaim agus ar a bhfud. Ach dul i gcomhar le páistí chun bealaí a shainaithint lena gcuid foghlama a cheangal lena saol, cothaítear ábharthacht agus tacaítear le tuiscint níos doimhne.


Le comhtháthú baintear na teorainneacha curaclaim traidisiúnta a bhíodh ann, rud a chruthaíonn eispéiris chomhtháite foghlama. Mar shampla, le Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT), déantar eolas ar an ábhar agus sealbhú teanga a thabhairt le chéile i gcomhthéacsanna fiúntacha fíorshaoil.

Ba cheart do mhúinteoirí comhtháthú a fhréamhú laistigh den churaclam ar bhealach diongbháilte trí bhíthin na bpríomhinniúlachtaí agus na dTorthaí Foghlama, ag leagan béim ar thuiscint níos doimhne, nuálaíocht, smaointeoireacht chriticiúil agus rannpháirteachas. Féadfaidh ábhair spéise na bpáistí, téamaí trasghearrtha, scileanna idirdhisciplíneacha, smaointe móra agus fadhbanna ón bhfíorshaol a bheith ina dtúsphointí éifeachtacha.

Le comhtháthú fiosraítear topaicí ó pheirspictíochtaí iomadúla, agus déantar breithniú ar an gcaoi a chuireann príomhinniúlachtaí le tuiscint agus léirthuiscint iomlánaíoch. Déantar machnamh freisin ar an gcaoi a bhfeabhsaíonn agus a ndoimhníonn comhtháthú na hinniúlachtaí sin.

In *Oideachas Ealaíon*, is féidir le múinteoirí comhtháthú a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- páistí a spreagadh lena n-eolas agus scileanna a úsáid go solúbtha chun comhtháthú laistigh de na healaíona trí fhoirmeacha idirdhisciplíneacha agus ilmhódacha
- coincheapa, próisis, agus modhanna smaointeoireachta ealaíonta comónta a theagasc chun dhá fhoirm ealaíne nó níos mó a fhiosrú ar bhealaí a neartaíonn a chéile, m.sh., taispeántas ina bhforbraítear scileanna drámaíochta, ceoil, amhairc agus gluaiseachta/damhsa an tráth céanna
- leas a bhaint as téamaí agus ábhar ó fhoghlaim níos leithne na bpáistí mar spreagadh agus iad ag obair i dtreo Torthaí Foghlama in *Oideachas Ealaíon*
- deiseanna a chur ar fáil maidir le réiteach fadhbanna, cinnteoireacht, comhoibriú, smaointeoireacht deartha/foghlaim ar bhonn fiosraithe/obair ar bhonn tionscadal.




## Súgradh agus oideolaíocht spraíúil

Is luachmhar a bhíonn súgradh i gcaitheamh na hóige, agus bíonn idir cheart chun súgradh ag páistí agus fhonn súgartha ar pháistí. Bíonn súgradh agus oideolaíochtaí spraíúla oiriúnach do gach céim i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta. Cuimsíonn súgradh speictream ó shúgradh faoi stiúir an pháiste go gníomhaíochtaí spraíúla faoi stiúir an mhúinteora agus súgradh comhroinnte ina mbíonn múinteoirí agus páistí páirteach le chéile agus ina bhforbraíonn siad an súgradh in éindí. Is ann do dheiseanna foghlama nua a bhuí leis an gcur chuige solúbtha seo.

Le súgradh cothaítear foghlaim ghníomhach fhiúntach agus ceanglaítear faisnéis nua le heolas atá ag na páistí cheana féin. Tacaíonn sé le forbairt iomlánaíoch, lena n-áirítear fás fisiciúil, sóisialta, mothúchánach, cognaíoch agus spioradálta, agus cothaíonn sé scileanna amhail réiteach fadhbanna, cruthaitheacht agus idirghníomhú sóisialta. Ba cheart do mhúinteoirí a chinntiú go mbíonn eispéiris foghlama spraíúla ar aon dul le Torthaí Foghlama an churaclaim, agus le cumais, ábhair spéise, láidreachtaí agus riachtanais na bpáistí.

Le timpeallacht spraíúil, taobh istigh agus amuigh faoin aer, feabhsaítear an fhoghlaim ach a bheith idirghníomhach, tarraingteach, ionchuimsitheach agus tacúil, agus spreagtar fiosrú, féinléiriú, rogha agus foghlaim ó bhotúin.

In *Oideachas Ealaíon*, is féidir le múinteoirí súgradh agus oideolaíocht spraíúil a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- raon leathan taithí ealaíonta spraíúla a éascú thar gach snáithe in *Oideachas Ealaíon*
- modhanna nó cuir chuige spraíúla a spreagadh maidir le breathnóireacht, éisteacht, gluaiseacht agus freagairt go cruthaitheach do shaothair ealaíne, drámaíochta agus ceoil, agus fuaimeanna, ábhair agus gnéithe amhairc sa timpeallacht áitiúil
- cluichí agus réamhchleachtaí spraíúla agus diongbháilte a ghlacadh isteach ina gcleachtais, amhail marc-chruthú, tobchumadh, cluichí drámaíochta, cluichí amhránaíochta agus cluichí rithime
- tástáil agus cruthú spraíúil na bpáistí a threorú agus a éascú san Ealaín, sa Drámaíocht, sa Cheol agus i bhfoirmeacha ealaíne eile.

## Cuir Chuige Chruthaitheacha

Bíonn múinteoirí ag teagasc ar bhealach cruthaitheach trína spéiseanna agus smaointe a thabhairt isteach sa seomra ranga. Freagraíonn siad ar roghanna na bpáistí agus déanann siad cinntí gairmiúla bunaithe ar spéiseanna, ar fhiosracht, ar réamhfhoghlaim agus ar riachtanais na bpáistí. Is féidir leo a bheith ag oibriú go cruthaitheach agus go comhoibríoch le comhghleacaithe agus le gairmithe eile.


Tá a bheith cruthaitheach ar cheann de na príomhinniúlachtaí i g*Creatchuraclam na Bunscoile* agus cuimsítear leis a bheith fiosrach, an tsamhlaíocht a úsáid, scileanna a fhorbairt, comhoibriú agus buanseasmhacht i measc dúshlán.

Aithnítear san inniúlacht seo cruthaitheacht nádúrtha páistí chomh maith lena bhfuinneamh cruthaitheach, agus an chaoi a dteastaíonn deiseanna uathu le bheith cruthaitheach.

Trí phoitéinseal cruthaitheach na bpáistí a chur chun cinn, is féidir tionchar dearfach a imirt ar a spreagadh, ar a bhféinmheas agus ar a bhforbairt ina hiomláine. Baineann múinteoirí úsáid as réimse modheolaíochtaí agus straitéisí chun sruth na smaointe thar fhoirmeacha ealaíne a éascú.

### In *Oideachas Ealaíon*, is féidir le múinteoirí cuir chuige chruthaitheacha a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- a bheith freagrúil agus cothaitheach do spéiseanna na bpáistí
- deiseanna le haghaidh eispéiris chruthaitheacha fhiúntacha a chur ar fáil trí smaointe agus mothúcháin a fhiosrú, a shoiléiriú agus a chur in iúl
- spreagadh a thabhairt do na páistí úsáid a bhaint as a samhlaíocht agus a n-úrmhaireacht a fhiosrú ina saothar ionas gur féidir leo féidearthachtaí nua a chruthú, smaointe éagsúla a spreagadh agus a chur in iúl, fadhbanna a réiteach agus saothair ealaíonta a chruthú i dtimpeallacht chomhoibríoch agus thacúil
- luach a chur ar rannpháirteachas cruthaitheach domhain agus é a chumasú ar mhaithe leis an bpoitéinseal eispriseach agus ealaíonta a bhaineann leis
- réimse spreagthach agus rochtain ar eispéiris chultúrtha a chur ar fáil chun spreagadh a thabhairt do pháistí agus chun cruthaitheacht páistí a chothú
- dul i riosca, triail agus earráid, solúbthacht, dianseasmhacht, foighne agus machnamh a spreagadh i dtimpeallacht ina spreagtar smaointe maidir le déanamh ealaíon trí fhiosracht spraíúil, fionnachtain, samhlaíocht agus triail a bhaint as
- spreagadh a thabhairt do pháistí a bheith rannpháirteach i saothair ealaíon, drámaíochta, ceoil agus i bhfoirmeacha ealaíne eile, agus léirthuiscint a chothú do ghnéithe leithleacha agus cruthaitheacha de shaothair ealaíontóirí eile.




## Oideolaíocht chultúrfhreagrach

Aithnítear in oideolaíocht chultúrfhreagrach acmhainní uathúla páistí agus cuirtear luach orthu, chomh maith lena spéiseanna, a gcúlraí éagsúla, a dteangacha agus a gcultúir. Déantar iarracht inti timpeallacht foghlama ionchuimsitheach a chothú do chách. Nuair a dhéantar ceiliúradh in *Oideachas Ealaíon* ar thobar saibhir na héagsúlachta cultúrtha, lena n-áirítear traidisiúin agus oidhreachtaí áitiúla, Éireannacha, Eorpacha agus idirnáisiúnta, cuidíonn *Oideachas Ealaíon* leis na páistí léirthuiscint a fháil d'aitheantais éagsúla agus luach a chur orthu. Tugann páistí tobar tuisceana, eolais agus taithí ar na healaíona isteach sa seomra ranga. Ba cheart do na múinteoirí a ndícheall a dhéanamh tuiscint agus léirthuiscint dhílis idirchultúrtha, Éireannach agus idirnáisiúnta a chur chun cinn ina seomraí ranga. Ba cheart an ceangal le cultúir níos leithne a dhéanamh go tuisceanach. Tugtar spreagadh do pháistí ceangail a dhéanamh idir na healaíona agus comhthéacsanna tíreolaíocha agus stairiúla chomh maith le comhthéacsanna sóisialta agus cultúrtha comhaimseartha. Comhtháthaíonn sé sin le foghlaim agus teagasc agus cuireann sé leo ar fud an churaclaim.

### In *Oideachas Ealaíon*, is féidir le múinteoirí oideolaíocht chultúrfhreagrach a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- caidrimh a chothú trí chuir chuige chomhoibríocha i leith oibre, comhroinnte agus taithí a fháil ar na healaíona
- dearcthaí cultúrtha éagsúla a chomhtháthú i dteagasc *Oideachais Ealaíon*
- a chinntiú go bhfuil naisc fhiúntacha i bhfoghlaim na bpáistí sna healaíona le pobail agus le comhthéacsanna áitiúla agus níos leithne
- deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun taithí a fháil ar dhamhsa, ceol agus saothair ealaíon a bhaineann le traidisiúin, cultúir agus oidhreachtaí áitiúla, Éireannacha agus idirnáisiúnta
- tacú le páistí machnamh a dhéanamh ar intinniúlacht an ealaíontóra agus ar léirmhíniú an bhreathnóra, agus chun fiosrú conas a chuireann comhthéacsanna agus cultúir éagsúla bonn eolais futhu sin.



## Cuir chuige eispéireasacha


Díríonn *Oideachas Ealaíon* ar an bhfoghlaim trí bhearta a ghlacadh. Cuireann múinteoirí deiseanna ar fáil le haghaidh rannpháirteachas gníomhach in eispéiris shásúla déanta ealaíon agus machnaimh threoraithe. Tacaíonn siad le páistí a bhfoghlaim a neartú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna nua san Ealaín, sa Drámaíocht, sa Cheol agus i bhfoirmeacha ealaíne eile.

Tugann múinteoirí tús áite do rannpháirteachas na bpáistí in eispéiris fhiúntacha déanta ealaíon, chomh maith le heispéiris bhreathnóireachta, éisteachta, ghluaiseachta agus freagartha maidir le saothair ealaíon agus leis an timpeallacht nádúrtha. Agus iad ag cruthú eispéiris foghlama, smaoiníonn múinteoirí ar chumas, réamhfhoghlaim, spéiseanna agus cúlraí cultúrtha na bpáistí. Déanann siad machnamh freisin ar conas a d'fhéadfadh saothair ealaíon ar leith (m.sh., pictiúr, dráma, amhrán nó píosa ceoil) coincheapa, scileanna, agus teicnící a léiriú agus molann siad teanga atá bunaithe ar na healaíona agus atá oiriúnach d'aois agus do chéim na bpáistí.

Treoraíonn múinteoirí na páistí ina machnamh agus ina bplé ionas go roinnfidh siad freagairtí pearsanta agus comhchoiteanna, agus go bhforbróidh siad a n-eolas coincheapúil, a scileanna, a dteicníc agus a dtuiscint. Cuireann siad deiseanna ar fáil do pháistí a dtuiscint ar na coincheapa a neartú agus cuireann siad bonn eolais faoina gcinnteoireacht chruthaitheach i ngach snáithe de chuid na sonraíochta.

### In *Oideachas Ealaíon*, is féidir le múinteoirí cuir chuige eispéireasacha a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- béim a chur ar an bpróiseas in *Oideachas Ealaíon* agus luach a chur ar ionchuir ar leith gach páiste
- cinntiú go bhfuil foghlaim nua bunaithe ar rannpháirteachas gníomhach na bpáistí i ndéanamh ealaíon agus go dtacaíonn sí leis
- deiseanna tarraingteacha a chruthú do pháistí le taithí a fháil ar ealaín, drámaíocht, ceol agus fhoirmeacha ealaíne eile, triail a bhaint astu agus machnamh a dhéanamh orthu
- úsáid chruthaitheach, oilte agus chaolchúiseach coincheap agus teicnící a spreagadh de réir aois, chéim agus chumas na bpáistí.




## Cuir chuige chéadfacha agus chorpraithe

Leis an teagasc in *Oideachas Ealaíon* cuirtear béim ar rannpháirteachas gníomhach, céadfach agus corpraithe na bpáistí agus bíonn léirthuiscint d'idircheangailteacht an choirp agus na hintinne. Cuireann múinteoirí deiseanna ar fáil do pháistí a n-intinní, a gcoirp agus a gcéadfaí a úsáid chun taithí a fháil ar na healaíona agus an domhan ina dtimpeall, iad a thabhairt faoi deara, páirt a ghlacadh iontu, freagairt dóibh agus foghlaim fúthu ar bhealaí ilmhódacha agus ilchéadfacha.

Agus páistí ag glacadh páirt in *Oideachas Ealaíon* céadfach agus corpraithe, cuireann múinteoirí réimse straitéisí i bhfeidhm le haghaidh foghlaim amhairc, foghlaim éistitheach agus foghlaim chinéistéiseach. Cuireann siad bealaí ar fáil do pháistí taithí a fháil ar spreagthaigh éagsúla, iad a thabhairt faoi deara, a mheas, labhairt fúthu, triail a bhaint astu agus freagairt orthu. Áirítear lena leithéid de spreagthaigh íomhánna, saothair ealaíne amhairc, foinsí fuaime, uigeachtaí, drámaí, scripteanna, píosaí ceoil, amhráin le gluaiseacht, damhsaí, siombailí agus nodaireacht, leideanna amhairc, uirlisí agus gníomhaíochtaí tadhaill praiticiúla.

### In *Oideachas Ealaíon*, is féidir le múinteoirí cuir chuige chéadfacha agus chorpraithe a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- rannpháirteachas agus ionramháil a spreagadh maidir le réimse leathan ábhar, íomhánna, fuaimeanna, gluaiseachtaí, uigeachtaí, rudaí, meán, prapaí agus uirlisí trí ghníomhaíochtaí tadhaill praiticiúla
- rannpháirteachas gníomhach a spreagadh maidir le héisteacht airdeallach, breathnóireacht, fiosrú domhain agus gluaiseacht dhiongbháilte
- deiseanna a eagrú le haghaidh gluaiseacht chruthaitheach agus struchtúrtha, agus barr feabhais a chur ar scileanna mínluaile agus oll-luaile
- machnamh, freagairt, cinnteoireacht chruthaitheach agus eisprisean a spreagadh mar chuid den fhoghlaim iomlánaíoch sna healaíona agus trí na healaíona
- rannpháirteachas ilmhódach agus ilchéadfach a éascú lena nasctar corp, intinn, céadfaí agus mothúcháin na bpáistí leis an bhfoghlaim in *Oideachas Ealaíon*.



## Páistí a spreagadh le bheith rannpháirteach in *Oideachas Ealaíon* céadfach agus corpraithe

### Amharc

**Blaiseadh a fháil, tabhairt faoi deara, smaoineamh agus labhairt faoi, triail a bhaint as agus freagairt do...**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| íomhánna ón domhan mórthimpeall orthu | saothair ealaíne amhairc | spreagthaigh | siombailí agus nodaireacht | leideanna amhairc |

### Éistitheach

**Blaiseadh a fháil, tabhairt faoi deara, smaoineamh agus labhairt faoi, triail a bhaint as agus freagairt do...**

| | | | |
|---|---|---|---|
| fuaimeanna ón domhan mórthimpeall orthu | amhráin, scripteanna agus píosaí ceoil | spreagthaigh | uirlisí agus foinsí fuaime |

### Cinéistéiseach

**Blaiseadh a fháil, tabhairt faoi deara, lámh a leagan ar, gluaiseacht, triail a bhaint as agus freagairt do...**

| | | |
|---|---|---|
| ábhair agus uigeachtaí ón domhan mórthimpeall orthu | gluaiseacht | gníomhaíochtaí praiticiúla agus tadhlacha |
| damhsaí, drámaí, amhráin le gluaiseacht | spreagthaigh | uirlisí a sheinm |

**Fíor 7:** Páistí a spreagadh le bheith rannpháirteach i gcuir chuige chéadfacha agus chorpraithe in *Oideachas Ealaíon*



## 6c. Measúnú in *Oideachas Ealaíon*

Tá an cumas i ngach páiste a bheith ag foghlaim agus faoi bhláth, agus tá measúnú fiúntach lárnach agus an cumas sin á chothú. Mar cheann de na hocht bprionsabal uileghabhálacha de *Chreatchuraclam na Bunscoile*, tuigtear gur próiseas comhoibríoch é an measúnú, lena mbaineann páistí, múinteoirí, tuismitheoirí agus, in amanna, páirtithe leasmhara eile. Is éard atá i gceist leis próiseas leanúnach a bhaineann le faisnéis faoi dhul chun cinn agus gnóthachtáil páiste a bhailiú, a thaifeadadh, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tríd sin, cuirtear deis ar fáil chun léargas a fháil ar dhul chun cinn foghlama páistí, chun machnamh comhoibríoch agus féinmhachnamh a chur chun cinn agus páirt ghníomhach a thabhairt do pháistí sa mheasúnú ar a gcuid foghlama féin, rud atá tábhachtach.

### Measúnú a ailíniú le fócas na foghlama

I gcroílár an oideachais tá turas fáis gach páiste, agus i dtaca leis an turas sin, tá sé bunriachtanach léirithe saibhre dá gcuid foghlama agus dul chun cinn a ghabháil le himeacht aimsire. Go ginearálta, ba cheart baint dhíreach a bheith ag measúnú le fócas na foghlama a bhfuil na páistí ag obair ina threo aon tráth ar leith trí Thorthaí Foghlama na sonraíochta don *Oideachas Ealaíon*. Is minic a bhaineann measúnú le díriú ar ghnéithe sonracha de Thoradh Foghlama, seachas ar an toradh iomlán, chun léargas níos dírithe a chur ar fáil ar an méid atá ar eolas ag na páistí, ar an tuiscint atá acu, nó ar an méid is féidir leo a dhéanamh i gcaitheamh eispéireas foghlama.

In *Oideachas Ealaíon*, roinneann na páistí a gcuid foghlama trí eispéiris dhearfacha, fhiúntacha agus pháistelárnach i dtimpeallacht seomra ranga oscailte, mheasúil agus chomhoibríoch. Le measúnú múinteoirí agus piaraí chomh maith le féinmheasúnú, tacaítear le dul chun cinn na bpáistí ina bhforbairt ar scileanna, phróisis agus chruthaitheacht ealaíonta. D'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú le múinteoirí chun réimsí a shainaithint ina dteastaíonn tacaíocht nó dúshláin bhreise, agus leis sin treoraítear cleachtais teagaisc agus eispéiris foghlama amach anseo. Cumasaíonn measúnú páistí le machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre, roghanna agus léirmhínithe ealaíonta a dhéanamh agus a mhíniú, agus a léirthuiscint do na healaíona a neartú.

### Deiseanna le haghaidh measúnú in *Oideachas Ealaíon*

Tá an curaclam ina thaca le contanam measúnaithe ón 'measúnú iomasach' go dtí 'idirghníomhaíochtaí pleanáilte' agus 'imeachtaí measúnaithe'. Tagann na trí chineál measúnaithe le chéile agus tá siad riachtanach chun léargas cuimsitheach a fháil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil pháiste. In *Oideachas Ealaíon*, dírítear an fhoghlaim agus an teagasc i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta ar an bpróiseas. Is é sin le rá go gcuirtear béim ar mheasúnú iomasach agus idirghníomhaíochtaí pleanáilte le cois imeachtaí measúnaithe.

**Tábla 9:** Cineálacha measúnaithe

| Measúnú iomasach | Idirghníomhaíochtaí pleanáilte | Imeachtaí measúnaithe |
|---|---|---|
| ...tarlaíonn sé go nádúrtha agus ar bhonn leanúnach i rith eispéiris foghlama. Tá sé comhtháite san oideolaíocht, is féidir leis a bheith dofheicthe, ach atá beartaithe ag an múinteoir, agus is cuid an-dáiríre den phróiseas é. | ...bíonn siadsan beagán níos follasaí agus cuimsíonn siad cleachtais mar chomhráite a dhéanamh le páistí, ceistiú a dhéanamh, iarraidh ar pháistí léarscáileanna coincheapa a dhéanamh, agus obair leantach a dhéanamh ar mheasúnuithe iomasacha nó ar imeachtaí measúnaithe. | ...bíonn siadsan difriúil le cineálacha eile measúnaithe ar na bealaí seo: (1) is imeachtaí ar leith iad, (2) bíonn taifead ar thorthaí an mheasúnaithe i gceist leo i gcónaí, nach mór (3) bíonn a fhios ag páistí go bhfuil measúnú á dhéanamh orthu. |

## Faisnéis mheasúnaithe a bhailiú in *Oideachas Ealaíon*

Taispeánfaidh páistí a gcuid foghlama ar roinnt mhaith bealaí agus trí úsáid a bhaint as réimse leathan modhanna, is féidir le múinteoirí faisnéis shaibhir a bhailiú maidir le foghlaim páistí in *Oideachas Ealaíon*. Ach tuiscint shoiléir a fháil ar an bhfaisnéis a theastaíonn chun léargas a fháil ar dhul chun cinn páistí, tacófar le múinteoirí chun na modhanna is oiriúnaí le húsáid a shainaithint. Thíos tá liosta neamh-uileghabhálach de na modhanna is dóigh a bheidh úsáideach chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí in *Oideachas Ealaíon* de réir mar a fhoghlaimíonn siad trí fhiosrú, cruthú, léiriú, cur i láthair, freagairt agus ceangal.

### Breathnóireacht

Baineann breathnuithe le monatóireacht ghníomhach múinteoirí ar pháistí agus iad ag éisteacht agus ag plé go gníomhach leis na páistí le linn eispéiris foghlama. Leis an modh seo cuirtear léargas luachmhar ar fáil ar eolas agus tuiscint, sult, rannpháirteachas agus idirghníomhaíochtaí páistí, rud a chumasaíonn do mhúinteoirí freagairt do chásanna foghlama tráthúla agus foghlaim amach anseo a threorú go héifeachtach.

### Aiseolas

Tá aiseolas mar chuid lárnach den phróiseas foghlama, lena mbaineann idirghníomhaíochtaí tráthúla, fiúntacha agus spriocdhírithe idir múinteoirí agus páistí. Leis sin spreagtar machnamh a dhéanamh, dul chun cinn a aithint agus na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim a shainaithint. A bhuí le haiseolas, cuidítear le páistí anailís chriticiúil a dhéanamh ar a gcuid foghlama, gnóthachtálacha a cheiliúradh agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin, rud a threoraíonn a gcuid eispéireas foghlama amach anseo.

### Ceistiúchán

Is féidir gurb éard atá i gceist le ceistiúchán ná ceisteanna a chur atá dea-chumtha, oscailte agus a dhéanann géarfhiosrúchán, lena dtacaítear le tuiscint, smaointeoireacht chriticiúil agus machnamh. Trí cheisteanna, spreagtar páistí chun ceangail a dhéanamh, cuimhneamh ar pheirspictíochtaí difriúla agus tabhairt faoin bpróiseas foghlama ag leibhéal domhain.

### Piarmheasúnú agus féinmheasúnú

Le piarmheasúnú agus féinmheasúnú, déanann páistí machnamh ar a gcuid foghlama, bíonn siad á roinnt agus á plé, le tacaíocht ón múinteoir mar is cuí. Leis an modh sin, cothaítear féinmhacnamh, comhoibriú agus inspreagadh inmheánach laistigh de thimpeallacht foghlama oscailte, mheasúil agus thacúil. Is féidir leis cinnteoireacht chruthaitheach na bpáistí in *Oideachas Ealaíon* a scafláil agus tacú léi.

### Seicliostaí, rúibricí agus critéir ratha

Bíonn seicliostaí, rúibricí agus critéir ratha soiléir agus gonta. Is féidir le múinteoirí agus páistí iad a chomhchruthú agus a úsáid. Cuireann siad scileanna, coincheapa agus próisis ar leith i gcuimhne do pháistí, a threoraíonn na páistí agus iad ag déanamh ealaíon ar bhealach fiúntach. Leis sin cuirtear scafall ar fáil le hobair na bpáistí in *Oideachas Ealaíon* a fhorbairt agus a neartú.

### Punanna

Is éard is punann ann bailiúchán de shaothar páiste, a roghnaíonn agus a choimeádann an páiste i gcomhar leis an múinteoir. Léirítear léi a gcuid foghlama agus forbartha le himeacht aimsire agus tacaítear le machnamh, spriocanna a leagan síos agus féinmheasúnú. Is féidir leo a bheith digiteach nó fisiciúil, lena n-áirítear déantúsáin éagsúla amhail íomhánna, físeáin, taifeadtaí, tionscadail agus samplaí d'fhoghlaim, lena dtaispeántar fás agus dul chun cinn i réimsí difriúla den churaclam.

Tá sé tábhachtach foghlaim an pháiste a dhoiciméadú. Eascraíonn úsáid dhiongbháilte doiciméadaithe as an bpróiseas a bhaineann le fianaise a bhailiú. Is féidir le páistí agus múinteoirí bealaí difriúla a úsáid chun faisnéis mheasúnaithe a dhoiciméadú, amhail nótaí, grianghraif, físeáin agus scéalta foghlama. Maidir le punanna, ní hamháin gur modh measúnaithe iad ach tugtar bealach fiúntach leo faisnéis mheasúnaithe a bhailiú, a eagrú agus a chur i láthair lena léirítear turas foghlama barántúil an pháiste. Cuireann doiciméadú den sórt sin leis an léargas saibhir iomlánaíoch de gach páiste agus iad ag foghlaim, ag dul chun cinn agus ag forbairt.

## Faisnéis mheasúnaithe a úsáid chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim páistí

I gcroílár na foghlama éifeachtaí tá úsáid fhiúntach na faisnéise measúnaithe. Is é an chaoi a n-úsáidfear faisnéis mheasúnaithe a chinnfidh a héifeachtacht fhoriomlán chun tacú le foghlaim páistí. Le rannpháirtíocht ghníomhach páistí le linn próisis mheasúnaithe, cothaítear braistint úinéireachta ar a gcuid foghlama agus is féidir féinmhachnamh, smaointeoireacht chriticiúil agus fás a spreagadh ar an dóigh sin. Tá aiseolas éifeachtach ríthábhachtach sa phróiseas foghlama, rud a chuireann deiseanna ar fáil do pháistí machnamh a dhéanamh ar a n-éachtaí agus ar an dul chun cinn atá déanta acu.

Gné de theagasc ardchaighdeáin is ea cumas múinteoirí freagairt do na comhthéacsanna uathúla ina seomra ranga trí fhianaise a bhailiú, a thaifeadadh agus a anailísiú chun breithiúnais fheasacha a dhéanamh faoi dhul chun cinn páistí agus a gcinntí foghlama agus teagaisc in *Oideachas Ealaíon* a threorú.

Is iad na nithe seo a leanas is bonn leis na cinntí sin:

- cur amach ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim
- cur amach ar an gcuraclam
- cur amach ar oideolaíocht.

### Cur amach ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim

In *Oideachas Ealaíon*, spreagtar na páistí a smaointe, machnaimh agus roghanna a chur in iúl agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid réamhfhoghlama. Cuireann sé sin bonn eolais faoin túsphointe agus faoi na scafaill atá riachtanach le haghaidh foghlaim nua. Le heolas ar thuiscint na bpáistí is féidir le múinteoirí timpeallacht foghlama ionchuimsitheach, thacúil agus éifeachtach a chothú. Féadann sé sin a bheith ina chuidiú le cinntiú go bhfreagraíonn eispéiris foghlama ar riachtanais agus spéiseanna na bpáistí agus go bhfuil siad ábhartha, fiúntach, taitneamhach, gníomhaíoch agus dúshlánach ar bhealach cuí.

### Cur amach ar an gcuraclam

Trína n-eolas ar an tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon*, is féidir le múinteoirí eispéiris foghlama oiriúnacha agus bharántúla a ullmhú, a éascú, agus a mheasúnú le haghaidh páistí. Tacaíonn cur amach ar Thorthaí Foghlama, coincheapa, scileanna, luachanna agus meonta in *Oideachas Ealaíon* le measúnú a dhéanamh ar rannpháirteachas, foghlaim agus dul chun cinn na bpáistí. Is féidir an t-eolas sin a úsáid go freagrúil chun tacú le cinnteoireacht leanúnach faoi na céimeanna atá le teacht le haghaidh foghlama agus teagaisc.

### Cur amach ar oideolaíocht

Baineann múinteoirí leas as a n-eolas oideolaíochta agus a mbreithiúnas gairmiúil le bonn eolais a chur faoin bhfoghlaim, faoin teagasc agus faoin measúnú. Trí mhachnamh a dhéanamh ar na deiseanna foghlama (de réir mar a chuirtear síos orthu i gCuid 6a) agus ar na cuir chuige oideolaíochta (de réir mar a chuirtear síos orthu i gCuid 6b) is féidir le múinteoirí a gcleachtais oideolaíochta a bheachtú agus an timpeallacht foghlama a leasú chun *Oideachais Ealaíon* na bpáistí a shaibhriú. Cinntítear leo go bhfuil an fhoghlaim bunaithe ar chomhthuiscint ar dhéanamh ealaíon gníomhach, gníomhaíoch agus rathúil.





## 6d. Raon leathan eispéireas in *Oideachas Ealaíon*

Tá raon leathan eispéireas ar fáil sna healaíona agus baineann siad le heisprisean, léirmhíniú agus/nó freagairt mar dhéantóir, taibheoir, éisteoir, breathnóir agus ball den lucht éisteachta nó féachana. Cé gurb iad Ealaín, Drámaíocht agus Ceol na trí ábhar in *Oideachas Ealaíon*, tá gréasán foirmeacha ealaíne eile ann a cuireann le blas an tsaoil thart orainn. Le raon leathan eispéireas a chinntiú in *Oideachas Ealaíon*, coimeádann múinteoirí cothromaíocht na foghlama idir Ealaín, Drámaíocht agus Ceol le haghaidh na bpáistí ina rang. Aithníonn siad deiseanna le ceangail fhiúntacha a dhéanamh idir foghlaim na bpáistí sna hábhair sin agus a bhfiosrú ar fhoirmeacha ealaíne eile, lena n-áirítear damhsa agus ealaíona na meán, de réir mar is cuí.

### Damhsa

Foirm ealaíne is ea an damhsa, a fhiosraíonn páistí in *Oideachas Ealaíon* agus i gCorpoideachas araon i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta. Trí eispéiris damhsa, foghlaimíonn páistí le húsáid a bhaint as a gcoirp chun smaointe, mothúcháin, cruthaitheacht agus ceolmhaireacht a chur in iúl. Fiosraíonn siad an léiriú aeistéitiúil agus ealaíonta, agus iad ag foghlaim faoi fheasacht coirp agus fheasacht spáis agus faoi dhinimic sa ghluaiseacht agus caidrimh sa ghluaiseacht. Sa Drámaíocht, úsáideann páistí an ghluaiseacht mar fhoirm chorpraithe eispriseach. Baineann páistí úsáid as a gcoirp le dul i dtaithí ar an gceol agus le freagairt uirthi agus lena dtuiscint ar choincheapa an cheoil a thaispeáint go gníomhach. Tríd an bhfiosrú ar an damhsa tíre agus ar dhamhsa ó chomhthéacsanna cultúrtha éagsúla, is féidir eispéiris na bpáistí a shaibhriú agus ceangal a dhéanamh leis an bhfoghlaim faoi chultúir na hÉireann agus an domhain níos leithne.

### Ealaíona na meán

Tagraíonn ealaíona na meán do shaothair ealaíon a chruthaítear agus a chuirtear in eagar trí theicneolaíochtaí digiteacha. Trí ealaíona na meán, leathnaíonn páistí an fhoghlaim in Ealaín, Drámaíocht agus Ceol agus baineann siad úsáid as a gcuid scileanna litearthachta agus teicneolaíochta. Mar shampla, is féidir le páistí uirlisí digiteacha a úsáid le scannáin bheochana a dhéanamh trí íomhánna, a cruthaíodh in Ealaín, a ghabháil agus a chur in eagar. Is féidir leo freisin script a scríobh do scannán, an scannán a thaifeadadh agus a chur in eagar lena gcuimsítear prapaí, seiteanna, ceol, gluaiseacht agus drámaíocht.

Níl na samplaí sin thuas uileghabhálach. Nuair a bhíonn páistí rannpháirteach in eispéiris foghlama le foirmeacha ealaíne eile, bíonn múinteoirí cruthaitheach, solúbtha agus freagrúil do na spéiseanna agus na cumais ina seomra ranga.

## Comhoibriú agus comhpháirtíochtaí

Is iad na múinteoirí is fearr chun freagairt don chomhthéacs agus do riachtanais na bpáistí ina rang. Mar sin féin, i roinnt cásanna, is féidir leis na múinteoirí a bheith ag oibriú i gcomhar le páirtí (bíodh sé sin le comhghleacaí sa scoil/scoil in aice láimhe, tuismitheoir nó ealaíontóir cuartaíochta) nó dul i bpáirt le heagraíocht, gailearaí, amharclann, clár ealaíon, srl., chun éascaíocht a dhéanamh ar fhoghlaim sna healaíona. Chun rannpháirteachas na bpáistí a shíneadh le héagsúlacht eispéireas ealaíon saibhir agus fiúntach, d'fhéadfadh ceoltóirí, amharcealaíontóirí, déantóirí drámaíochta, damhsóirí nó déantóirí ealaíon eile teacht chuig an scoil lena saothar a roinnt. Is féidir foghlaim na bpáistí a shaibhriú freisin trí chuairteanna a thabhairt ar thaispeántais, drámaí, agus léirithe ceoil ag a mbeidh siad i láthair go pearsanta agus/nó ar líne.

Más rud é go bhfuiltear ag obair i gcomhpháirtíocht, tá sé riachtanach go mbeadh cur chuige ann ina bhfuil cóimheas agus atá comhoibríoch maidir le soláthar na n-eispéireas foghlama. Ba cheart go ndéanfaí machnamh le linn ullmhúcháin ar chomhthéacs na scoile agus ar na ceangail le réamhfhoghlaim na bpáistí. Ba cheart go gcinnteofaí freisin go gcomhlíontar riachtanais na bpáistí ar fad. Ba cheart do na scoileanna agus do na múinteoirí a chinntiú go dtagann gach ionchur seachtrach leis an gcur chuige maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú mar atá leagtha amach sa tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon*. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar i bhfoghlaim na bpáistí, ailíniú idir an t-éascaitheoir seachtrach agus an tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* i dtaca le hábhar, cuir chuige oideolaíochta agus riachtanais, aois agus aibíocht na bpáistí.

I gcás ina mbíonn ionchuir, cláir, agus éascaitheoirí seachtracha ann, coinníonn an múinteoir ranga ról lárnach agus gníomhach maidir le foghlaim agus teagasc. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis sin tacú le páistí, teagasc foirne agus a chinntiú go mbíonn ceangail fhiúntacha le réamhfhoghlaim agus foghlaim amach anseo. Ba cheart d'éascaitheoirí seachtracha obair i gcónaí faoi threoir agus faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga a fhanann leis na páistí i gcónaí. I ngach cás, ba cheart do mhúinteoirí deiseanna machnaimh a chruthú. Tacaíonn sé sin leis an múinteoir aiseolas a bhailiú, machnamh a dhéanamh ar an eispéireas foghlama agus é a mheas mar chuid d'*Oideachas Ealaíon* iomlánaíoch agus machnamh a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile maidir le foghlaim agus teagasc.



# 7: Breac-chuntas ar an Tacar Uirlisí don *Oideachas Ealaíon* ar Líne

Leis an Tacar Uirlisí don *Oideachas Ealaíon* ar líne, cuirtear tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí chun eispéiris foghlama shaibhre a fhorbairt do pháistí. Forbraítear inneachar agus comhpháirteanna an tacair uirlisí ar líne le himeacht ama.

## Samplaí d'fhoghlaim na bpáistí

Forbraítear na samplaí seo le múinteoirí agus cuirtear léargas ar fáil leo ar conas a oibríonn múinteoirí le Torthaí Foghlama chun cinntí a dhéanamh maidir leis an méid a mhúineann siad, na cineálacha gníomhaíochtaí, eispéireas agus oideolaíochtaí a úsáideann siad, agus leis an bhfaisnéis a bhailíonn siad ar cé chomh maith agus atá ag éirí le páistí ina gcuid foghlama.

## Ábhair thacaíochta do mhúinteoirí

I measc na n-ábhar tacaíochta tá acmhainní tábhachtacha agus ábhar tagartha chun tacú le múinteoirí maidir leis an gcuraclam a chur i bhfeidhm ar bhealach fiúntach. Rinneadh forbairt orthu mar fhreagra ar thaighde agus riachtanais páistí, múinteoirí agus pobal scoile, a bhíonn ag athrú i gcónaí.

## Tacaíochtaí le haghaidh dul chun cinn

Foghlaimíonn agus forbraíonn páistí ag rátaí difriúla agus is féidir cuma dhifriúil a bheith air sin ar fud réimsí agus ábhair an churaclaim. Mar fhreagra ar thaighde agus ar an réimse éagsúil páistí a fhreastalaíonn ar ár mbunscoileanna agus ar ár scoileanna speisialta, forbraíodh réimse tacaíochtaí chun a chinntiú go dtéann gach páiste chun cinn ina gcuid foghlama agus forbartha.





# 8. Gluais

| | |
|---|---|
| A cappella | Tagraíonn a cappella don amhránaíocht gan tionlacan uirlisí. |
| ABA | Struchtúr ceoil 3 pháirt is ea ABA, lena gcuimsítear (1) cuid tosaigh, (2) cuid chodarsnach, agus (3) athrá na chéad choda. |
| Aoncheol | Ciallaíonn aoncheol an rud céanna a léiriú ag an am céanna. |
| Ábhair | Na rudaí as a bhfuil ealaín déanta is ea ábhair, m.sh., páipéar, pinn luaidhe, marcóirí, scuaba, péinteanna, cré, sreang, olann, dúch, fabraic, srl. |
| Amhráin chomhpháirtithe | Amhráin a théann le chéile agus is féidir a chanadh le chéile i gcomhcheol is ea amhráin chomhpháirtithe. |
| Bealaí céadfacha agus corpraithe le hidirghníomhú/gluaiseacht le ceol | Cuimsítear i mbealaí céadfacha agus corpraithe le hidirghníomhú/gluaiseacht le ceol rannpháirteachas agus freagairt ilchéadfach trí ghluaiseachtaí struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha, cnagcheol colainne agus gothaí, pasáil rudaí agus/nó ionramháil ábhar, uigeachtaí, rudaí, meáin, prapaí agus uirlisí le linn gníomhaíochtaí gníomhacha, praiticiúla agus tadhaill. |
| Bundathanna | Is iad na bundathanna dearg, buí, agus gorm. |
| Caidrimh sa ghluaiseacht | Le caidrimh sa ghluaiseacht tagraítear don bhealach a n-idirghníomhaíonn páiste le daoine eile sa ghluaiseacht. Mar shampla, ag obair i gcomhpháirtithe/i ngrúpaí, ag treorú/ag leanúint, ag scáthánú, in aoncheol/i gcodarsnacht le chéile nó i gcanóin. Leis sin cuimsítear freisin gluaiseacht i ndáil le rudaí amhail os cionn, faoi bhun, trí agus timpeall. |
| Canóin/Rothlam | Píosa ceoil is ea canóin/rothlam lena ndéantar aithris bheacht ar shéis méid áirithe buillí níos déanaí in dhá chuid nó níos mó. I gcanóin ghluaiseachta déantar aithris bheacht ar ghluaiseacht méid áirithe buillí níos déanaí in dhá chuid nó níos mó. |
| Cantaireacht | Tagraíonn cantaireacht d'athrá na rithimí labhartha agus/nó míreanna séiseacha céanna arís agus arís eile. |
| Ceolmhaireacht | Tagraíonn ceolmhaireacht do thuiscint agus eolas ar an gceol. |
| Cliathnodaireacht | Tagraíonn cliathnodaireacht do nótaí ceoil agus siombailí eile atá scríofa ar chliath cúig líne. |
| Cnagcheol colainne | Baineann cnagcheol colainne le húsáid a bhaint as gluaiseachtaí coirp, amhail bualadh bos, cliceáil, greadadh cos, srl., le rithim a léiriú agus/nó a chruthú. |
| Comhrian | Ciallaíonn comhrian imlíne. |
| Corpraithe | Tagraíonn corpraithe d'úsáid an choirp chun smaointe a fhiosrú, a chur in iúl, nó a léirmhíniú, agus béim á cur ar rannpháirteachas fisiciúil mar chuid den phróiseas cruthaitheach agus foghlama. |
| Cóirigh | Sa cheol, tagraíonn cóiriú d'athoibriú/oiriúnú píosa ceoil atá ann cheana chun leagan a chruthú atá fós ceangailte leis an mbunleagan, cé go bhfuil sé féin nua. |
| Cré a scóráil | Tagraíonn cré a scóráil do mharcanna scríbe agus haise a dhéantar mar chuid den phróiseas chun píosaí cré a nascadh le chéile. |
| Cruthanna geoiméadracha | Féadann cruthanna geoiméadracha a bheith 2T nó 3T agus aithnítear agus rangaítear iad bunaithe ar imlíne/teorainn ar leith agus ar thréithe eile lena n-áirítear cuair, línte, agus uillinneacha m.sh., cearnóg, dronuilleog, ciorcal, triantán, sorcóir, traipéasóideach. |
| Cruthanna orgánacha | Cruthanna a bhfuil cuma neamhrialta, shaorshreafa agus nádúrtha orthu is ea cruthanna orgánacha. Murab ionann is cruthanna geoiméadracha, is minic a bhíonn cruthanna orgánacha neamhshiméadrach agus dothuartha. |
| Cumaisc thánaisteacha | Tá cumaisc thánaisteacha ina meascáin dathanna a dhéantar trí dhá bhundath a mheascadh le chéile. |

| | |
|---|---|
| Cumaisc threasacha | Tá cumaisc threasacha ina meascáin dathanna a dhéantar trí bhundath a mheascadh le cumasc tánaisteach. |
| Dathanna comhchuí | Tá dathanna comhchuí suite gar dá chéile ar chiorcal na ndathanna. Is féidir iad a chur le chéile le meascán dathanna a chruthú a bhfuil cuma dheas aeistéitiúil orthu. |
| Dathanna comhlántacha | Is iad na dathanna comhlántacha na dathanna atá suite díreach trasna óna chéile ar chiorcal na ndathanna. |
| Déanamh ealaíon | Tagraíonn déanamh ealaíon don phróiseas cruthaitheach leanúnach agus do shaothair chríochnaithe in aon fhoirm ealaíne nó i meascán d'fhoirmeacha ealaíne. |
| Dinimic sa ghluaiseacht | Baineann dinimic sa ghluaiseacht le feasacht agus iniúchadh ar an gcaoi a mbogann an corp, mar shampla, go tapa nó go mall, go tobann, nó go marthanach, go láidir nó go héadrom. |
| Dordán | Nóta nó nótaí a seinntear go marthanach agus a thionlacann amhrán nó píosa ceoil is ea dordán. |
| Ealaíona na meán | Tagraíonn ealaíona na meán do shaothair ealaíon arna gcruthú agus arna gcur in eagar trí theicneolaíochtaí digiteacha, amhail físeán, scannán, raidió, scannáin bheochana agus meáin chruthaitheacha eile. |
| Ealaín dhigiteach | Tagraíonn ealaín dhigiteach d'ealaín a chruthaítear le húsáid uirlisí digiteacha. |
| Ealaín 2T | Áirítear le healaín 2T líníochtaí, péintéireachtaí, priontaí/cuimilteáin, colláisí, ach níl sí teoranta dóibh sin. |
| Ealaín 3T | Áirítear le healaín 3T struchtúir, píosa cré, potaireacht, dealbha, ach níl sí teoranta dóibh sin. |
| Éascaitheoirí seachtracha | Tá éascaitheoirí seachtracha ina ngairmithe a thugann a dtacair sainscileanna leo ar scoil le foghlaim na bpáistí in *Oideachas Ealaíon* a shaibhriú. |
| Éisteacht inmheánach | Próiseas smaointe fuaime seachas déanta fuaime os ard is ea éisteacht inmheánach, ar a dtugtar *audiation* i mBéarla freisin. |
| Feasacht choirp | Is é atá i gceist le feasacht choirp ná a bheith feasach ar chodanna difriúla den chorp a bhogann, ar chruthanna difriúla is féidir a dhéanamh leis an gcorp agus ar ghníomhartha difriúla is féidir a dhéanamh leis an gcorp. |
| Feasacht spáis | Baineann feasacht spáis le fiosrú conas is féidir leis an gcorp gluaiseacht sa spás, mar shampla, i dtreonna éagsúla, ar línte cuartha nó díreacha agus thar leibhéil ísle, mheánairde agus arda. |
| Foirmeacha drámata | Tagraíonn foirmeacha drámata do bhealaí éagsúla déanta drámaíochta, m.sh., tobchumadh, mím, frámaí reoite, radhairc réamhchumtha, drámaí, amharclann an léitheora, puipéadóireacht, drámaí raidió agus drámaí faisnéise. |
| Foirmeacha ealaíne eile | Baintear úsáid as an téarma foirmeacha ealaíne eile sa tsonraíocht le tagairt a dhéanamh d'éagsúlacht leathan foirmeacha ealaíne taobh amuigh de na hábhair churaclaim: Ealaín, Drámaíocht agus Ceol. |
| Foirmeacha ealaíne éiritheacha | Is é atá i gceist le foirmeacha ealaíne éiritheacha ná ealaín trína bhfiosraítear meáin, teicnící nó coincheapa nua nó neamhghnácha nár aithníodh nó nár sainmhíníodh go fóill, agus d'fhéadfaidís teacht chun cinn mar gheall ar dhul chun cinn teicneolaíochtaí nó ar phróisis thrialacha chruthaitheacha, agus eispéiris nuálacha nó nach rabhthas ag súil leo mar thoradh orthu. |
| Fuaimniú | Is é atá i gceist le fuaimniú ná teicníc léiritheach ceoil a thagraíonn go sonrach don chaoi a seinntear nó a gcantar nóta, mar shampla *staccato* (gairid agus scartha ó na nótaí eile), *legato* (mín agus ceangailte leis na nótaí eile), aiceann (le níos mó béime), srl. |

| | |
|---|---|
| Gnéithe aeistéitiúla | Cuimsíonn gnéithe aeistéitiúla tréithe suaithinseacha, corraitheacha, céadfacha agus/nó áille a bhaineann le saothair ealaíon. |
| Ilmhódach | Tagraíonn ilmhódach d'úsáid a bhaint as bealaí éagsúla chun foghlaim a chumasú agus a léiriú, m.sh., labhairt, taispeáint, teicneolaíocht a úsáid. |
| Lámhchomharthaí | Tagraíonn lámhchomharthaí do ghothaí láimhe a úsáidtear le tuinairde a léiriú i sólfá. Is féidir lámhchomharthaí a úsáid freisin chun páirt a ghlacadh san amhránaíocht trí mheán Theanga Chomharthaíochta na hÉireann. |
| Meán | Is é atá i gceist le meán ná an t-ábhar a úsáidtear chun ealaín a chruthú. |
| Méadar | Tagraíonn méadar don chaoi a roinntear buille an cheoil i ngrúpaí de mhéid áirithe buillí athfhillteacha atá idir láidir agus lag. Cuireann sé sruth agus intuarthacht isteach sa cheol agus is féidir é a léiriú le hamchomhartha, m.sh., 2/4, 4/4, 6/8. |
| Meáin mheasctha | Tagraíonn meáin mheasctha do shaothair ealaíne a cruthaíodh le níos mó ná meán amháin. |
| Míriú | Is é atá i gceist le míriu ná grúpa nótaí/mír ghairid cheoil a mhúnlú mar chuid de struchtúr níos mó le rud éigin a chur in iúl, cosúil leis an gcaoi ar féidir abairt a léamh mar chuid de scéal. |
| Múinteoir i ról | Tagraíonn múinteoir i ról don chás ina nglacann an múinteoir le ról i ndráma le tacú leis an déanamh drámaíochta, nó lena threorú nó scafláil. |
| Nodaireacht | Tá an nodaireacht ina léiriú amhairc ar an gceol trí chomharthaí agus siombailí a úsáid. D'fhéadfaí a chuimsiú leis sin raon íomhánna agus nodaireacht ghrafach (m.sh., ar scóir ghrafacha), slatnodaireacht, sólfá agus lámhchomharthaí chomh maith le hainmneacha litreacha le haghaidh nótaí ceoil agus cliathnodaireachta. D'fhéadfaí a áireamh chomh maith litreacha, focail agus giorrúcháin le haghaidh téarmaí ceoil chun faisnéis bhreise a chur ar fáil faoi na coincheapa agus faoi stíl an léirithe. |
| Ostinato | Patrún leantach séise nó rithime a théann le hamhrán nó píosa ceoil is ea *ostinato*. |
| Prionsabail deartha | Áirítear leis na prionsabail deartha cothromaíocht, teannas, siméadracht, armóin, solas, scála agus codarsnacht. |
| Rithimí | Patrúin agus meascáin fuaimeanna agus tostanna a mhaireann faid dhifriúla is ea rithimí. Tá tuiscint ar an mbuille agus méadar bunaidh riachtanach le haghaidh cruinneas rithime. |
| Saothair ealaíne | Tagraíonn sé sin do shaothair san amharcealaín go sonrach, m.sh., péintéireacht, cré, priontáil, srl. |
| Saothair ealaíon | Áirítear le saothair ealaíon saothair a chruthaíonn na páistí iad féin chomh maith le raon mínealaíne, dearaidh, ceardaíochta, drámaíochta, drámaí, amhrán, fonn, píosaí ceoil, damhsaí, ealaíona na meán agus saothair chruthaitheacha dhigiteacha eile as Éirinn agus an domhan mór. |
| Scéalchlár | Sraith íomhánna is ea scéalchlár a úsáidtear le gníomh dráma nó saothair in ealaíona na meán a phleanáil nó a chur in ord. |
| Scóir ghrafacha | Cuimsíonn scóir ghrafacha léiriú ceoil trí shiombailí amhairc lasmuigh den nodaireacht chaighdeánach. |
| Seánra | Tagraíonn seánra do stíl, foirm nó catagóir na n-ealaíon. |
| Séis/Séiseanna | Tagraíonn séis d'fhonn a dhéantar trí rithimí agus tuinairde a chur le chéile. |
| Siollaí rithime | Tagraíonn siollaí rithime d'fhocail nó do shiollaí a úsáidtear le faid dhifriúla a léiriú, mar shampla, léirítear croisín mar *ta* agus camán mar *ti*. |

| | |
|---|---|
| Slatnodaireacht | Nodaireacht ghearrscríofa is ea slatnodaireacht a úsáidtear le rithim a léiriú go tapa agus go héasca, mar shampla, léirítear croisín mar \| agus dhá chamán mar ⊓ |
| Sólfá | Tagraíonn sólfá d'ainmneacha inaistrithe a thugtar ar thuinairdí, mar shampla, d, r, m, f, s, l, t, d. |
| Súgradh sochdhrámaíochta | Le linn súgradh sochdhrámaíochta idirghníomhaíonn páistí lena chéile agus iad ag léiriú cásanna samhailteacha trí aisteoireacht mar charachtair éagsúla, agus cuireann siad i gcéill go bhfuil siad in áiteanna agus amanna éagsúla. |
| Teicnící léiritheacha | Tagraíonn teicnící léiritheacha don chaoi a seinntear ceol chun smaoineamh, téama nó mothúchán a chur in iúl agus/nó chun spéis agus éagsúlacht a chruthú, mar shampla, trí dhinimic, buille nó luas a athrú, nó trí mhíriú, vibrato agus fuaimniú a úsáid. |
| Teicnící uirlise | Tagraíonn teicnící uirlise don chaoi ar féidir guth nó uirlisí eile a úsáid nó a sheinm ar raon bealaí ar leith mar shampla, téaduirlisí (piocadh nó strumáil), guth (cogarnach, rapáil, canadh) agus uirlisí digiteacha (ionramháil fuaime). |
| Tionchar saothar ealaíon | Tagraíonn tionchar saothar ealaíon do fhreagairtí céadfacha, cognaíocha agus/nó mothúchánacha a bhaineann le heispéiris saothar ealaíon. |
| Tobchumadh | Is é atá i gceist le tobchumadh ná rud éigin a chruthú go spontáineach agus/nó gan ullmhúchán. |
| Uirlisí digiteacha | Tagraíonn uirlisí digiteacha do bhogearraí agus acmhainní ar líne ar féidir a úsáid chun saothair ealaíon a chruthú, a thaifeadadh agus a roinnt. |
| Uirlisí/foinsí fuaime | Tagraíonn uirlisí/foinsí fuaime do rudaí nó gléasanna a úsáidtear chun fuaimeanna ceoil a dhéanamh. D'fhéadfaí a áireamh leo sin an guth nó an corp, cnaguirlisí, uirlisí is féidir agus nach féidir a chur i dtiúin, uirlisí digiteacha, uirlisí baile agus rudaí eile ón timpeallacht. Bíonn tionchar ag airíonna uirlise/foinse fuaime (m.sh., cruth, méid, ábhair) ar a tondath. |


# 9. Tagairtí


An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/ga-ie/early-childhood/

An Roinn Oideachais (2023). *Creatchuraclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/ga-ie/primary/the-primary-curriculum-framework/

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *Creat don tSraith Shóisearach*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/3145/creat-don-tsraith-shoisearach-2015.pdf

Rialtas na hÉireann (2024). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/ga-ie/early-childhood/



# **Aguisín A.** Coincheapa, scileanna, luachanna agus meonta in *Oideachas Ealaíon*

## Coincheapa

Léiríonn na coincheapa in Ealaín, Drámaíocht agus Ceol eolas ríthábhachtach atá riachtanach le gur féidir le páistí scileanna agus tuiscint a fháil, a fheabhsú agus a fhorbairt in *Oideachas Ealaíon*. Toisc gur curaclam atá bunaithe ar phróisis é seo, cuireann coincheapa ar chumas páistí a scileanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

De réir mar a fhoghlaimíonn na páistí faoi choincheapa in Ealaín, Drámaíocht agus Ceol trí na Torthaí Foghlama, fiosraíonn siad an chaoi ar féidir an t-eolas sin a úsáid le déanamh ealaíon a fheabhsú leo féin agus le páistí eile.

Sa chleachtas, glacann na páistí páirt in eispéiris foghlama a chuimsíonn:

**Tábla A1:** Coincheapa ealaíne i bhfeidhm

| | |
|---|---|
| Líne | • Línte ag a bhfuil raon tréithe difriúla a fhiosrú, a bhreathnú, agus a anailísiú<br>• Línte éagsúla a chruthú le scáthú agus comhrian le gluaiseacht, béim agus codarsnacht a chruthú<br>• Cur síos a dhéanamh agus breithmheas a thabhairt ar a n-úsáid línte |
| Cruth | • Cruthanna ar leith agus cruthanna comhcheangailte (cinn gheoiméadracha agus orgánacha) a fhiosrú, a bhreathnú agus a anailísiú, agus a gceangal le héagsúlacht línte agus lena chéile a aithint<br>• Cruthanna éagsúla a chruthú le scáthú agus comhrian de réir mar is cuí<br>• Cur síos a dhéanamh agus breithmheas a thabhairt ar a n-úsáid cruthanna geoiméadracha agus orgánacha |
| Foirm | • Éagsúlacht ealaíne 3T a fhiosrú, a bhreathnú, a láimhseáil agus a anailísiú, agus úsáid línte, cruthanna, dathanna agus toin le foirm agus doimhneacht a chur in iúl ar dhromchlaí 2T agus ar shaothair ealaíne á haithint<br>• Éagsúlacht foirmeacha 3T a thógáil agus aird á tabhairt ar chothromaíocht, siméadracht agus scáth agus línte, cruthanna, dathanna agus toin á n-úsáid le foirm a chur in iúl i saothair ealaíon 2T<br>• Cur síos a dhéanamh agus breithmheas a thabhairt ar a saothar ina dtógtar agus léirítear foirm |
| Dath agus ton | • Dath agus ton a fhiosrú, a bhreathnú agus a anailísiú, agus bundathanna, dathanna tánaisteacha, treasacha, teolaí, fionnuara, comhlántacha agus comhchuí a aithint ó chiorcal na ndathanna<br>• Dathanna teolaí, fionnuara, bundathanna, dathanna tánaisteacha, treasacha, comhlántacha agus comhchuí éagsúla a roghnú, a mheascadh, a chumasc agus a scáthú de réir mar is cuí<br>• Cur síos a dhéanamh agus breithmheas a thabhairt ar a n-úsáid datha agus toin |
| Uigeacht | • Uigeachtaí in ealaín 3T agus i ndealbha a fhiosrú, a bhreathnú, a láimhseáil agus a anailísiú, chomh maith le húsáid línte, patrún, dathanna agus toin le cuma na huigeachta a léiriú in ealaín 2T<br>• Éifeachtaí uigeachta a chur i bhfeidhm agus a chruthú le meáin roghnaithe trí dhromchlaí a ionramháil, cré a scóráil, páipéar a fhilleadh agus líne, patrún agus ton a úsáid, srl.<br>• Cur síos a dhéanamh agus breithmheas a thabhairt ar a n-úsáid éifeachtaí uigeachta |
| Spás | • Spás oscailte agus dúnta, teicnící a bhaineann le peirspictíocht, leagan amach rudaí, tulra, meánraon agus cúlra a fhiosrú, a bhreathnú agus a anailísiú, agus an chaoi a bhféadfaí cuma na doimhneachta a chruthú trí chomhréir agus scála a chur i bhfeidhm in ealaín 2T agus 3T a aithint<br>• Úsáid a bhaint as spás oscailte agus dúnta, dearbhspás agus claonspás, comhréir, scála, tulra, meánraon agus cúlra ina saothair ealaíon<br>• Cur síos a dhéanamh agus breithmheas a thabhairt ar a n-úsáid spáis |
| Patrún agus rithim | • Úsáid patrún agus éagsúlachta a bhreathnú agus a anailísiú<br>• Úsáid a bhaint as athúsáid agus éagsúlacht i línte, cruthanna agus dath le huigeacht a chur in iúl agus le teannas, codarsnacht agus cothromaíocht a chruthú<br>• Cur síos a dhéanamh agus breithmheas a thabhairt ar a n-úsáid patrúin agus rithime |

**Tábla A2:** Coincheapa drámaíochta i bhfeidhm


| | |
|---|---|
| Gníomh agus plota | • Dul isteach i gcás ficseanúil agus a bheith tiomanta do ghníomhaíocht an dráma<br>• Ábhar, lena bhforbraítear scéalta ina bhfuil éagsúlacht téamaí agus ábhair, a fhiosrú, a cheapadh agus leas a bhaint as, freagairt a thabhairt ar radhairc ó scéalta (scéalta a bhfuil cur amach orthu, scéalta a athraítear ar bhealach nua nó scéalta a thiteann amach le linn an cheachta), cúis agus éifeacht a mheas<br>• Struchtúr an phlota agus na radhairc is tábhachtaí i ngníomh an dráma a mheas chomh maith leis an gcaoi a bhféadfaí iad sin a léiriú go soiléir |
| Ról agus carachtar | • Tiomnú do ról agus fócas a choinneáil ann, éisteacht le daoine eile ina róil agus freagairt dóibh<br>• Cúlra, inspreagadh agus caidrimh na gcarachtar ficsin agus neamhfhicsin a mheas<br>• Meon, guth nó staid mhothúchánach carachtair a chur in iúl, úsáid a bhaint as comharthaíocht choirp (m.sh., iompar an choirp, gothaí, gotha gnúise, seasamh) agus as leibhéil agus ton éagsúil an ghutha, agus idirdhealú á dhéanamh idir steiréitíopaí agus carachtair bharántúla |
| Gluaiseacht | • Freagairt go samhlaíoch do spreagthaigh agus gluaiseacht a cheapadh ina leith, m.sh., focail, scéalta, dánta, pictiúir, ceol<br>• Gluaiseachtaí codanna difriúla den chorp a fhiosrú chomh maith leis na bealaí ar féidir leis an gcorp bogadh i spás in éineacht le daoine eile nó gan iad ag úsáid comharthaí coirp amhail taisteal, leibhéil, gothaí agus suaimhneas<br>• Léirthuiscint a fháil do ghluaiseacht nó í a cheapadh mar mhodh léirithe agus cumarsáide i dtaca le daoine eile agus lena tréithe aeistéitiúla agus ealaíonta |
| Áit agus spás | • Fócas a choinneáil agus an chaoi a líonann na carachtair an spás a fhiosrú, machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh daoine eile féachaint ar an dráma, agus é sin a chur in oiriúint do lucht féachana éagsúla<br>• Suíomh soiléir a bhunú trí úsáid a bhaint as rudaí, prapaí agus troscán simplí chun áit agus spás a léiriú<br>• Suíomh agus comhthéacs an dráma a mheas, chomh maith leis an áit ina dtarlaíonn sé agus tionchar na timpeallachta ar na carachtair agus ar an scéal |
| Fuaim | • Fuaimeanna a fhiosrú agus a cheapadh a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm le hullmhú i gcomhair dráma nó lena shaibhriú<br>• Léirthuiscint a fháil don chaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint as maisíochtaí fuaime, guth, ceol, uirlisí digiteacha agus/nó ciúnas le cur leis an atmaisféar<br>• Úsáid a bhaint as maisíochtaí fuaime chun tacú le dráma a dhéanamh agus a roinnt agus leis an dráma a fheabhsú |
| Teannas | • Teannas a chruthú nó freagairt don teannas a thagann aníos idir carachtair nuair a chuireann siad luach ar rudaí difriúla nó nuair a theastaíonn rudaí difriúla uathu, nó nuair a bhíonn dearcthaí difriúla acu<br>• Scéalta a cheapadh nó dul i ngleic le scéalta ina bhfiosraítear aincheist, coimhlint, saincheist, fadhb nó mistéir a thiomáineann an dráma ar aghaidh, agus an chaoi a bhféadfaí na haincheisteanna a thabhairt i dtreo réitigh a mheas<br>• Bealaí cuí agus tarraingteacha a mheas le teannas a fhiosrú agus a chur in iúl i bhfoirmeacha drámaíochta |
| Am | • Iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir le stair, staid reatha agus todchaí a bheith ag baint le scéalta agus le carachtair dhrámatúla, ag léiriú feasachta ar an tréimhse ama (m.sh., an t-am atá caite, an t-am i láthair, an todhchaí), an t-achar ama (m.sh., uair an chloig/bliain), an t-am den lá (m.sh., 3r.n.) agus gur féidir linn bogadh trí réanna ó chuid amháin den scéal go ceann eile.<br>• Suntas na tréimhse ama a mheas (m.sh., aimsir na meánaoise nó 100 bliain ón lá inniu), an t-am den lá (m.sh., i lár na hoíche), an t-achar ama (m.sh., cúig bliana)<br>• Fad an dráma agus an tábhacht a bhaineann le léiriú soiléir ar am a mheas agus saothar á roinnt |

**Tábla A3:** Coincheapa ceoil i bhfeidhm

| | |
|---|---|
| Buille | • Taithí a fháil ar bhuille, é a aimsiú, a léiriú trí ghluaiseacht, ceol a leanúint, agus buille á haithint chomh maith leis na buillí láidre/laga atá saintréitheach i seánraí agus i ndamhsaí áirithe (m.sh., méadar 4/4 – Rac-cheol; méadar 6/8 – Port; méadar 3/4 – Válsa)<br>• Cloí leis an am sa cheol le linn amhránaíochta, seinm, gluaiseachta agus éisteacht inmheánach<br>• Ceol le buille rialta (agus gan buille rialta) a thobchumadh, a chumadh agus nodaireacht a dhéanamh air |
| Luas | • Taithí a fháil ar luas, é a aimsiú, agus a léiriú trí ghluaiseacht, luas a aithint ar chontanam (an-mhall/an-tapa) agus teicnící léiritheacha a aithint lena mbaineann athrú tobann agus athrú de réir a chéile ar an luas<br>• Réimse luasanna agus athruithe ar an luas a roghnú agus a úsáid<br>• Luas agus athruithe ar an luas a roghnú, a thobchumadh, a chumadh, agus nodaireacht a dhéanamh orthu |
| Fad agus rithim | • Taithí a fháil ar fhaid fuaime agus chiúnais (fada/níos faide, gearr/níos giorra agus ar comhfhad), iad a aimsiú, a léiriú trí ghluaiseacht, aithris a dhéanamh orthu agus iad a aithint, chomh maith le rithimí lena dtugtar fuaimeanna agus ciúnas d'fhaid dhifriúla le chéile<br>• Rithimí a léiriú go cruinn ón gcluas, ón gcuimhne agus ó nodaireacht<br>• Rithimí agus ostinato a roghnú, a thobchumadh, a chumadh, agus nodaireacht a dhéanamh orthu |
| Tuinairde | • Taithí a fháil ar fhuaimeanna, iad a aimsiú, a léiriú trí ghluaiseacht, aithris a dhéanamh orthu, iad a aithint, agus a leanúint (íseal/níos ísle, ard/níos airde, ar an tuinairde chéanna), chomh maith le scálaí agus séiseanna lena dtugtar tuinairdí agus faid le chéile<br>• Teacht le tuinairde, canadh agus seinm i dtiúin ón gcluas, ón gcuimhne, ó shólfá, ó lámhchomharthaí agus ó nodaireacht<br>• Tuinairdí agus séiseanna a fhiosrú, a thobchumadh, a chumadh agus nodaireacht a dhéanamh orthu |
| Dinimic | • Taithí a fháil ar dhinimic, í a aimsiú, a léiriú trí ghluaiseacht, agus a aithint ar chontanam (an-chiúin/an-ghlórach), chomh maith le fuaimniú agus teicnící léiritheacha lena mbaineann athrú tobann agus de réir a chéile ar dhinimic<br>• Raon dinimice agus athruithe ar dhinimic a roghnú agus a úsáid<br>• Dinimic agus athruithe ar dhinimic a roghnú, a thobchumadh, a chumadh agus nodaireacht a dhéanamh orthu |
| Tondath | • Taithí a fháil ar fhuaimeanna saintréitheacha nádúrtha, digiteacha agus uirlise, finte uirlisí agus teicnící uirlise, iad a aimsiú, a léiriú trí ghluaiseacht, agus a aithint<br>• Úsáid a bhaint as réimse uirlisí (guth, corp, cnaguirlisí, uirlisí is féidir agus nach féidir a chur i dtiúin, uirlisí baile, uirlisí digiteacha), fuaimniú agus teicnící uirlise le linn léiriú<br>• Tondathanna, uirlisí, agus teicnící uirlise éagsúla a fhiosrú, a thobchumadh, a chumadh agus nodaireacht a dhéanamh orthu |
| Uigeacht | • Taithí a fháil ar shraitheanna fuaime sa cheol, iad a aimsiú, a léiriú trí ghluaiseacht, agus a aithint<br>• Páirt a ghlacadh sa déanamh ceoil a cappella, i gcanadh agus i seinm amhrán comhpháirtithe, canónacha/rothlam, agus i gceol agus amhráin le cluichí, gluaiseacht, cnagcheol colainne, dordáin, ostinato, tionlacan agus le níos mó ná páirt amháin<br>• Ceol le réimse uigeachtaí agus sraitheanna a chumadh agus nodaireacht a dhéanamh air. |
| Struchtúr | • Taithí a fháil ar chodanna agus struchtúir cheoil chodarsnacha agus athfhillte, iad a aimsiú, a léiriú trí ghluaiseacht agus a aithint, m.sh., glao agus freagairt, ABA, véarsa-curfá<br>• Amhráin agus ceol le codarsnacht, athrá agus struchtúir éagsúla a léiriú<br>• Ceol le codarsnacht, athrá agus struchtúr ar leith a thobchumadh, a chumadh agus nodaireacht a dhéanamh air |

# Scileanna


Toisc gur curaclam atá bunaithe ar phróisis é seo, léiríonn na scileanna próisis ábhartha agus thábhachtacha a fhaigheann agus a fhorbraíonn páistí in *Oideachas Ealaíon*. Féadann na scileanna a bheith cognaíoch (m.sh., smaointeoireacht chriticiúil, smaointeoireacht chruthaitheach, réiteach fadhbanna), praiticiúil agus fisiciúil (m.sh., an corp, ábhair agus uirlisí a úsáid) nó sóisialta (m.sh., cumarsáid, comhoibriú). I dTorthaí Foghlama, tagraíonn scileanna don mhéid a bhfuiltear ag súil go mbeidh páistí in ann a dhéanamh nó a léiriú ag deireadh gach céime. Tá na samplaí seo neamh-uileghabhálach.




**Fíor A1:** Scileanna sa tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon*

# Luachanna

Is iad luachanna na creidimh atá ag páistí faoi na rudaí atá tábhachtach, inmhianaithe agus fiúntach, dóibh féin agus don tsochaí. I dTorthaí Foghlama, tagraíonn luachanna do na prionsabail lena dtreoraítear agus lena spreagtar iompraíocht, smaointe, cinntí agus breithiúnais eiticiúla páistí.Is iad na luachanna in *Oideachas Ealaíon* ná Cruthaitheacht, Léirthuiscint ealaíonta agus aeistéitiúil, Smaointeoireacht chriticiúil, Ionchuimsitheacht, Guth agus rogha, mar a thaispeántar thíos i bhFíor A2.




**Fíor A2:** Luachanna sa tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon*

# Meonta

Is éard atá i meonta ná nósanna, iompraíochtaí agus dearcthaí a mbíonn tionchar acu ar fhoghlaim agus ar fhás pearsanta páistí agus a mbíonn tionchar acu ar a rannpháirteachas agus a spéis fhoriomlán in *Oideachas Ealaíon*. I dTorthaí Foghlama, tagraíonn meonta don chaoi a bpléann páistí lena gcuid foghlama.Is iad na meonta in *Oideachas Ealaíon* ná Spraíúlacht, Bríomhaireacht, Comhoibriú, Machnamh, Fiosracht, Buanseasmhacht agus Oscailteacht.




**Fíor A3:** Meonta sa tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon*





An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth